studyclix.ie
makes exams easier

presents

# An tSraith Pictiúr

## For the 2021 Leaving Cert Oral Exam




*These notes are generally for Higher Level students but can also be used for those studying at Ordinary Level. We recommend you use these notes as guidelines & help for grammar and vocab, and not copy them word for word in the exam ☺*

*Go n-éirí libh!*

# Cuairt ar Aintín i Nua Eabhrac

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon, feicimid Sinéad agus a máthair ar a sáimhín só ós comhair na teilifíse.

  Sinead and her mother are chilling out in front of the TV
- Tá an Crannchur Náisiúnta ar siúl agus tá ticéad i lámh na máthar.

  The Lotto is on and Sinéad's mother has a ticket in her hand
- Ní chreideann sí a súile nuair a fheiceann sí go bhfuil na huimhreacha cearta aici agus go bhfuil an duaischiste buaite aici!

  She can't believe her eyes when she sees that she has the correct numbers and that she has won the jackpot!
- Tá gliondar an domhain uirthi, gan dabht ar bith!

  She's delighted without a doubt.

## Pictiúr 2




- Seolann Sinéad téacs chuig a haintín a chónaíonn i Nua Eabhrac chun an dea-scéal a insint di.

  Sinéad sends a text to her aunt who lives in New York to tell her the great news!
- Feicimid Aintín Máire ina suí ina hárasán i Nua Eabhrac agus an teachtaireacht á léamh aici.

  We see Auntie Mary sitting in her apartment in New York reading the message.
- Tá radharc iontach aici ar chathair Nua Eabhrac agus a cuid scríobairí spéire.

  She has a wonderful view of New York City and its skyscrapers

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, pléann Sinéad agus a máthair an bua agus a gcuid pleananna don airgead atá acu anois.

  Sinead and her mother discuss the win and their plans for the money they now have
- Socraíonn siad cuid den airgead a bhronnadh ar an eagraíocht charthanach "Trócaire".


  They decide to donate some of the money to the charity Trócaire
- Chomh maith leis seo, tá sé de rún acu teach saoire le linn snámha a cheannach sa Spáinn.

  As well as this, they intend to buy a holiday home with a swimming pool in Spain
- Faoi dheireadh, beartaíonn siad cuairt a thabhairt ar Aintín Máire I Nua Eabhrac. Tá siad ar mhuin na muice, gan dabht!

  Finally, they decide to visit Auntie Mary in New York. They're on the pig's back without a doubt!

# Cuairt ar Aintín i Nua Eabhrac (cont'd)

## Pictiúr 4




- I bpictiúr a ceathair, tá Sinéad agus a máthair ar a mbealach go Nua Eabhrac ar eitilt Aer Lingus.

  Sinead and her mother are on their way to New York on an Aer Lingus flight.
- Cuireann Aintín Maire fáilte chroíúil rompu nuair a thuirlingíonn siad ag aerfort JFK.

  Auntie Mary heartily welcomes them when they land at JFK
- Tá lúchair ar Mháire iad a fheiceáil, ní call a rá.

  Mary's thrilled to see them, it goes without saying

## Pictiúr 5




- I bpictiúr a cúig, tá na mná go léir ag baint taitnimh as an mbéile deas agus gloine fíona atá ullmhaithe ag Máire.

  The women are all enjoying the nice meal and glass of wine that Mary has prepared.
- An lá dár gcionn, téann siad chun an ceoldráma "Mamma Mia" a fheiceáil ar Bhroadway.

  The following day, they go to see the musical MM on Broadway
- Is áit dochreidte í, dar le Sinéad!

  It's an amazing place in Sinéad's opinion!

## Pictiúr 6




- I bpictiúr a sé, feicimid Sinéad agus a máthair ar thuras bus timpeall na cathrach.

  We see Sinéad and her mother taking a bus tour around the city
- Tugann siad cuairt ar stocmhalartán Nua Eabhrac chomh maith le láthair an Ionaid Trádala Domhanda.

  They visit the StockExchange aswell as the site of the World Trade Centre
- Níos déanaí sa tráthnóna, tá an deis ag na mná píosa siopadóireachta a dhéanamh i Macys agus cuid eile den airgead a chaitheamh orthu féin!
- Later in the afternoon, they have the chance to do a bit of shopping and spend another bit of the money on themselves

# Cuairt ar Aintín i Nua Eabhrac (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl ag Sinéad agus a máthair i bpictiúr a haon? / What are Sinéad and her mother doing?
- Cad a cheapann Sinéad faoi Bhroadway i bpictiúr a cúig? / What does Sinead think of Broadway?
- Cá bhfuil na mná ag dul i bpictiúr a sé? / Where are the women going?

## Foclóir A-Z

- Duaischiste / Jackpot
- Árasán / Apartment
- Scríobairí Spéire / Skyscrapers
- Eagraíocht Charthanacht / Charity organisation
- Ar muin na muice / On the pig's back
- Tuirling / To land/descend
- Ullmhaithe / Prepared
- Ceoldráma / Musical
- Stocmhalartán / Stock exchange
- Turas Bus / Bus tour

## Gramadach

- Ós comhair na teilifíse = Tuiseal Ginideach… An teilifís = **na** teilifís**e**
- A **h**aintín – her aunt = a (her) + noun beginning with a vowel takes a h
- Cuairt a thabhairt **ar** = to visit
- Lámh na máthar = Tuiseal Ginideach (possessive)… An mháthair = **na** máthar


## An Bhéaltriail

1. Ar bhuaigh tú riamh an lotto? / Did you ever win the lotto?
2. Dá mbuafá an crannchur náisiúnta, cad a dhéanfá? / If you won the lotto, what would you do?
3. An raibh tú riamh sna Stáit Aontaithe? / Were you ever in America?

studyclix.ie
makes exams easier

# Imreoir Gortaithe

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon, tá cluiche iománaíochta faoi lán seoil idir Scoil Chaitríona agus Coláiste Eoin.

  There's a hurling match underway/in full swing between…
- Tá slua ollmhór i láthair agus iad go léir ag baint taitnimh as an gcluiche.

  There's a huge crowd present and they're all enjoying the match
- Ag an bpointe seo, tá an lámh in uachtar ag Scoil Chaitríona agus tá siad dhá chúilín chun tosaigh ar an bhfoireann eile.

  At this point. Scoil Chaitríona have the upper hand and they're leading the other team by two points
- Tá geansaithe, brístí gearra agus clogaid á gcaitheamh ag na himreoirí.

  The players are wearing jersies, shorts and helmets

## Pictiúr 2



- Ansin, feicimid Seán agus é sínte amach ar fhleasc a dhroime.

  Then, we see Seán and him stretched out on the broad of his back
- Is léir go bhfuil sé gortaithe go dona.


  It's clear that he's badly injured
- Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil a chos briste.

  It looks like his leg is broken
- Ritheann beirt mhaor amach ar an bpáirc ón dtaobhlíne le sínteán.

  Two stewards run on to the pitch from the sideline with a stretcher
- Ritheann a bhainisteoir chuige chomh maith agus cuireann an réiteoir stop leis an imirt.

  His manager also runs to him and the referee puts a halt to the play

## Pictiúr 3




- Tagann na seirbhisí éigeandála agus tugtar Seán chuig an Roinn Timpiste agus Éigeandála gan mhoill.

  The emergency services arrive and Seán is brought to A&E without delay
- Gan dabht, tá sé in umar na haimléise.

  Without doubt, he's in a bad way
- Tá beirt othar eile sa seomra feithimh roimhe agus iad ag fanacht le dochtúir.

  There are 2 other patients in the waiting room before him, waiting for a doctor.
- Tá lámh gortaithe ag duine amháin acu agus cos gortaithe ag an duine eile is cosúil.

  One of them has an injured hand and the other, an injured foot, it seems.
- Tá sé a trí a chlog faoin am seo.

  It's 3 o clock by now

# Imreoir Gortaithe (cont’d)

## Pictiúr 4



- Anois, tá sé a cúig a chlog agus níor thainig aon dochtúir go fóill.

  It’s five o’clock and no doctor has arrived yet.

- Ní mó ná sásta atá bainisteoir Sheáin agus déanann sé gearán faoi seo leis an mbanaltra.

  Seán’s manager isn’t too happy and he complains about this to the nurse.

- Tá drochbhail ar Sheán bocht fós.

  Poor Seán still looks in a bad way!

## Pictiúr 5




- I bpictiúr a cúig, feicimid Seán i mbun comhrá leis an dochtúir.

  We see Seán chatting to the doctor

- Taispeánann an dochtúir x-gha de chos Sheáin dó.

  The doctor shows Seán an x-ray of his leg

- Dar leis an dochtúir, tá a chos briste go dona agus faraor, beidh ar Sheán sos fada a ghlacadh ón iománaíocht.

  According to the doctor, his leg is badly broken and Seán will have to take a long break from the hurling.

- Tá Seán croíbhriste faoi seo.

  Seán’s heartbroken about this

## Pictiúr 6




- Tá Seán bocht ag seisiún traenála agus cuma bhrónach air

  Seán is at a training session and looking sad.

- Beidh air cúig mhí a chaitheamh ar an taobhlíne go dtí go dtagann biseach air.

  He’ll have to spend 5 months on the sideline until he’s better.

- Cad a dhéanfaidh sé lena chuid ama? B’fhéidir go bhfoghlaimeoidh sé conas ficheall a imirt. An créatúr!

  What will he do with his time? Maybe he’ll learn how to play chess. The poor guy!

# Imreoir Gortaithe (cont'd)

## Ceisteanna

- Conas atá na himreoirí gléasta i bpictiúr a haon? / How are the boys dressed in the first picture?
- Cén chuma atá ar Sheán i bpictiúr a trí? / How does Seán look in pic 3?
- Cad a deir an dochtúir faoi chos Sheáin i pictiúr 5? / What does the doctor say about Seán's leg?

## Foclóir A-Z

- Slua / Crowd
- An lámh in uachtar / To be winning/ahead
- Clogaid / Helmets
- Maor / Stewards
- Sínteán/ Stretcher
- Bainisteoir / Manager/Coach
- Seirbhísí Éigeandála / Emergency Services
- Othar / Patient
- Seomra Feithimh / Waiting Room
- Gearán / Complaint

## 'ing'

- Ag fanacht / Waiting
- Ag baint (taitnimh) / Enjoying
- Ag imirt / playing

## Gramadach

- Ag an **b**pointe seo = ag an + urú
- Gan m**h**oill = gan + séimhiú
- Cos S**h**eá**i**n = Possessive = Tuiseal Ginideach


## An Bhéaltriail

1. An imríonn tú spórt? / Do you play sport?
2. An raibh tú gortaithe go dáiríre riamh / Did you ever have a serious injury?
3. Cad a measann tú faoin gcóras sláinte sa tír seo? / What do you think of the health system in this country?

studyclix.ie
makes exams easier

# Bua sa chomórtas díospóireachta

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, tá Seán, Máire agus Eoin ag breathnú ar fhógra do dhíospóireacht Ghaeilge a bheidh ar siúl ar scoil go luath.

  Seán, Máire and Eoin are looking at an ad for an Irish debate which will be held soon at school.

- Dar leis an bhfógra, tá duaiseanna maithe le buachan agus socraíonn an triúr acu foireann a chur le chéile agus páirt a ghlacadh sa díospóireacht.

  According to the ad, there are good prizes to be won and the 3 of them decide to put a team together and take part in the debate.

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, tá an diospóireacht faoi lán seoil.

  The debate is in full swing.

- Feicimid Scoil Mhuire ag tabhairt aghaidh ar Scoil Pheadair agus tá slua mór i láthair ag tabhairt tacaíochta don dá fhoireann.

  We see Scoil Mhuire facing Scoil Pheadair and there's a big crowd in attendance supporting the 2 teams

## Pictiúr 3




- Sa phictiúr seo, tá Seán i mbun díospóireachta agus is é an rún atá á phlé aige ná "Níl aon leigheas i ndán don tír seo".


  Séan is debating and the motion he's discussing is that "The country is not going to get better"

- Tá Seán ag labhairt ar son an rúin agus is léir go bhfuil na moltóirí ag éisteacht go géar lena chuid argóintí.

  Seán is speaking in favour of the motion and it's clear that the judges are listening carefully to his arguments.

## Bua sa chomórtas díospóireachta (cont'd)

### Pictiúr 4




- Tar éis an-chuid machnaimh a dhéanamh, fógraíonn an príomhmholtóir go bhfuil an diospóireacht buaite ag Scoil Pheadair.

  After much deliberations, the head judge announces that scoil Pheadair have won the debate


- Déanann sé comhghairdeas leis an bhfoireann agus tá gliondar an domhain orthu, ní call a rá.

  He congratulates the team and they're thrilled, it goes without saying

- Tá lucht tacaíochta Scoil Pheadair ag céilúradh freisin.

  Scoil Pheadair's support is also celebrating.

### Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, bronntar corn chomh maith le seic dhá mhíle euro ar fhoireann Scoil Pheadair.

  Scoil Pheadair are presented with a trophy and a cheque for 2,000 euro.

- Is follas go bhfuil siad iontach bródúil astu féin agus an-sásta leis an duais mhór seo.

  It's obvious that they're really proud of themselves and very happy with the big prize.

### Pictiúr 6



- Sa phictiúr seo, téann an triúr dalta amach go bialann ghalánta le haghaidh béile deas chun an bua a cheiliúradh.

  The 3 students go out to a fancy restaurant for a nice meal to celebrate the win.

- Feicimid an corn fós i lámh Sheáin.

  We see that Seán still has the trophy in his hand.

- Tá príomhoide na scoile leo agus itheann siad borgairí blasta le chéile.

  The principal is with them and they eat tasty burgers together.

# Bua sa chomórtas díospóireachta (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad é an rún atá á phlé sa díospóireacht? / What is the motion being discussed?
- Cé mhéad airgid atá buaite ag an bhfoireann? / How much money have the team won?
- Cad atá á ithe ag na daltaí i bpictiúr a sé? / What are the students eating in P6?

## Foclóir A-Z

- Díospóireacht / Debate
- Duaiseanna / Prizes
- Rún / Motion
- Leigheas / Cure/Solution
- Moltóirí / Judges
- Argóintí / Arguments
- Corn / Trophy
- Macnamh / Deliberation/thought
- Seic / Cheque
- Borgairí / Burgers

## 'ing'

- ag breathnú / looking
- ag tabhairt tacaíochta / giving support
- á phlé / discussing

## Gramadach


- Bialann g**h**alánta – Cuirtear "h" ar aidiacht bhaininscneach
- Duaiseann**a** maith**e** - aidiacht san uimhir iolra plural adjective
- Comhairgeadas a dhéanamh le – to congratulate someone
- Ar son an rú**i**n – Tuiseal Ginideach (of the…) rún => an rú**i**n

## An Bhéaltriail

1. An bfhuil foireann díospoireachta sa scoil seo? / Is there a debate team in this school?
2. Ar glac tú riamh part i gcomórtas? / Have you ever taken part in a competition?
3. Cad iad na buntáistí a bhaineann le scileanna díospóireachta a chleachtadh ar scoil? / What are the benefits to practising debating skills at school?


# Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon feicimid Seán agus Máire ós comhair an ríomhaire.
  In P1 we see Seán and Máire in front of the computer
- Dar leis an suíomh gréasáin, beidh an banna ceoil is fearr leo "Kodaline" ag seinm go luath sa staid Aviva i mBaile Átha Cliath.
  According to the website, their favourite band Kodaline will be playing soon in the Aviva Stadium in Dublin
- Toisc nach gcosnaíonn na ticéid ach caoga euro, socraíonn siad láithreach dul ann.
  As the tickets only cost 50 euro, they immediately decide to go
- Chun íoc as na ticéid, ní mór dóibh cárta creidmheasa a úsáid
  In order to pay for the tickets, they have to use a credit card.
- Cuimhníonn Seán go bhfuil cárta Dhaid fágtha ag an matal aige agus ar ámharaí an tsaoil, tá an uimhir ar eolas ag Máire!
  Seán remembers that Dad's card is on the mantlepiece and as luck would have it, Maire knows the number!

## Pictiúr 2




- Téann siad sa tseans agus ceannaíonn Séan na ticéid, i ngan fhios dá athair.
  They take a chance and Seán buys the tickets without his father's knowledge
- Céad euro ar an iomlán atá le híoc acu.
  They have to pay 100 euro in total
- Déarfainn nach mbeidh Daid ró - thógtha le seo!
  I would say that Dad won't be too impressed with this!


## Pictiúr 3




- Anseo, tá an lá mór tagtha agus feicimid Séan agus Máire ag baint taitnimh as an gceol iontach ann.
  The big day has arrived and we see Seán and Máire enjoying the wonderful music.
- Tá atmaisféar leictreach le brath agus tá an staid ag cur thar maoil le lucht leanúna Kodaline.
  There's an electric atmosphere and the stadium is overflowing with Kodaline fans
- Buaileann siad le roinnt cairde ann agus tá an-oíche go deo acu!
  They meet a couple of friends there and they really have a fantastic night!

# Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead (cont'd)

## Pictiúr 4




- Sa phictiúr seo, feicimid Daid ag iniúchadh a bhille Visa.

  In this picture, we see Dad studying his Visa bill.
- Baintear geit uafásach as nuair a thugann sé faoi deara 100 euro sa bhreis air.

  He gets a terrible fright when he notices an extra 100 euro on it.
- Gan dabht, tá mearbhall air agus ní thuigeann sé céard atá tarlaithe.

  Without doubt, he's confused and doesn't understand what has happened

## Pictiúr 5




- Gan mhoill, téann Daid chun an scéal a phlé lena phaistí.

  Without delay, dad goes to discuss the matter with his children
- Tá sé ar thóir na fírinne is léir.

  It's clear he's in pursuit of the truth.
- Admhaíonn Seán agus Máire gur bhain siad úsáid as an gcárta chun íoc as na ticéid agus tá uafás ar na tuistí lena n-iompar.

  Seán and Máire admit that they used the card to pay for the tickets and their parents are disgusted with this behaviour
- Gabhann an bheirt acu a leithscéal leo ach is léir go bhfuil díomá an domhain ar a dtuistí.

  The two apologise but it's clear that their parents are hugely disappointed

## Pictiúr 6




- Mar chúiteamh, ní mór do Sheán agus Máire go leor dualgaisí tí a dhéanamh.

  As compensation, Seán and Márie have to do a lot of household chores
- Tá an folúsghlantachán á dhéanamh ag Máire agus tá Seán ag glanadh na bhfuinneog.

  Máire is hoovering and Seán is cleaning the windows
- Tá a dtuistí ag coimeád súil ghéar orthu!

  Their parents are keeping a close eye on them
- Ní call a rá go bhfuil a gceacht foghlamtha acu!

  It goes without saying that they have learned their lesson!

# Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead (cont'd)

## Ceisteanna

- Cé mhéad a chosnaíonn na ticéid don cheolchoirm? / How much do the tickets cost?
- Cén chuma atá ar na tuistí i bpictiúr a cúig? / How do the parents look in pic 5?
- Cén sort oibre atá ar siúl ag Seán agus Máire i bpictiúr a sé? / What kind of work are Seán and Máire doing in pic 6?

## Foclóir A-Z

- Suíomh gréasáin / Website
- Láithreach/ Straight away
- Matal / Mantelpiece
- Atmaisféar leitreach / electric atmosphere
- Lucht leanúna / fans/followers
- Baintear geit as… / … gets a fright
- Sa bhreis / extra
- Cúiteamh / Compensation
- Dualgaisí tí / Chores
- Folúsghlantachán / Hoovering

## 'ing'

- ag cur thar maoil / overflowing
- ag iniúchadh / studying/analyzing
- ag glanadh / cleaning

## Gramadach

- Íoc + **as** = to pay for
- Ar thóir **na fírinne** = in pursuit of the truth/looking for the truth – ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach
- Déarfainn = I would say = briathar sa Mhodh Coinníollach
- I ngan fhios dá athair = dá = do + a

## An Bhéaltriail

1. An bfhuil do thuismitheoirí dian? / Are your parents strict?
2. Inis dom faoin cheolchoirm is fearr ina raibh tú ann riamh / Tell me about your favourite concert
3. Cad é an banna ceoil is fearr leat? / Whats your favourite band?

studyclix.ie
makes exams easier

# Ag togadh scoláire na bliana

## Pictiúr 1





- Sa phictiúr seo, labhraíonn Bean Uí Riain leis na daltaí faoi thoghchán a reáchtáilfear sa scoil chun Scoláire na Bliana a roghnú.

  Mrs Ryan speaks to the students about an election that will be held in the school to pick a Student of the Year.
- Déanann sí cur síos ar na tréithe atá riachtanach chomh maith leis na dualgais a bheidh le comhlíonadh ag an mbuaiteoir.

  She describes the traits that are essential as well as the duties that will have to be fulfilled by the winner
- Iarrann sí ar na daltaí machnamh a dhéanamh sula gcaitheann said a gcuid vótaí.

  She asks the students to have a good think before casting their votes

## Pictiúr 2




- Tá an toghchán faoi lán seoil agus feicimid na daltaí ag fanacht chun a gcuid vótaí a chaitheamh

  The election is underway, and we see the students waiting to cast their votes
- Is léir go bhfuil Bean Uí Riain ag coimeád súil ghéar orthu.

  It's clear that Mrs Ryan is keeping a good eye on them.

## Pictiúr 3




- Sa phictiúr seo, tá comhaireamh na vótaí ar siúl san oifig ghinearálta.

  The count is happening in the Office
- Cabhraíonn duine de na múinteoirí le Bean Uí Riain leis an tasc seo.

  One of the teachers helps Mrs Ryan with this task.
- Folmhaíonn siad an bosca vótála ar an deasc agus tosaíonn siad ag comhaireamh.

  The empty the ballot box on the desk and begin counting.

studyclix.ie
makes exams easier

## Ag togadh scoláire na bliana (cont'd)

### Pictiúr 4




- Lá na dtorthaí atá ann agus tagann an scoil iomlán le chéile i Halla na Scoile.

  It's results day and the whole school comes together in the school hall.

- Thuas ar an stáitse, feicimid príomhoide na scoile, an leasphríomhoide agus Bean Uí Riain.

  Up on the stage, we see the principal, the deputy and Mrs Ryan.


- Fograíonn an príomhoide go bhfuil an toradh aige agus taispeánann sé corn an bhuaiteora don slua.

  The principal announces that he has the result and he shows the winner's trophy to the crowd.

- Tá na daltaí go léir ar bís.

  All the students are excited.

### Pictiúr 5




- Tá an gradam buaite ag Sandra Ní Cheallaigh.

  The award has been won by Sandra Ní Cheallaigh.


- Tugann gach éinne bualadh bos mór di.

  Everyone gives her a big round of applause.

- Tá ar Sandra dul suas chuig an stáitse.

  Sandra has to go up to the stage.

### Pictiúr 6




- Tagann Sandra ar an stáiste agus bronnann an príomhoide an corn uirthi.

  Sandra comes on stage and the principal awards her the trophy

- Tá ionadh an domhain ar Sandra go bhfuil Scoláire na Bliana buaite aici.

  Sandra is shocked that she has won Student of the Year

- Deir an príomhoide leí go bhfuil a rath tuillte aici

  The principal tells her that she deserves her success

- Léiríonn sí sár-iompar i gcónaí, oibríonn sí go dian dícheallach agus cuidíonn sí i gconaí le daoine eile nuair is féidir leí.

  She always displays great behaviour, she works hard and helps others whenever she can

- Déanann sé comhghairdeas mór leí arís.

  He congratulates her again.

# Ag togadh scoláire na bliana (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl ag na daltai i bpictiúr a dó? / What are the students doing?
- Cá bhfuil na múinteoirí i bpictiúr a trí? / Where are the teachers?
- Conas a mhothaíonn Sandra i bpictiúr a sé? / How does Sandra feel?

## Foclóir A-Z

- An toghchán / the vote
- Reáchtáil / to hold/run
- Na tréithe / the traits
- Na dualgais / the duties
- Folmhaigh / to empty
- An toradh / the result
- An corn / the trophy
- Ar bís / excited

## 'ing'

- Ag coimeád súil ghéar ar / keeping a close eye on
- Ag comhaireamh / counting
- Ag fanacht / waiting

## Gramadach

- Comhghairdeas a dhéanamh le / to congratulate
- Reachtálfar / will be held (Briathar Saor Aimsir Fháistineach)
- Machnamh a dhéanamh / to think deeply/to contemplate
- Corn an bhuaiteora / the winner's trophy (Ainmfhocal sa tuiseal ginideach uimhir uatha)

## An Bhéaltriail

1. An maith leat an scoil? / Do you like school?
2. Cad iad na tréithe atá ag dalta maith? / What are the traits of a good student?
3. An bhfuil toghchán do scoláire na bliana i do scoil? / Is there a vote for the student of the year in your school?

studyclix.ie
makes exams easier

# An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr

## Pictiúr 1




- Feicimid Seán agus Máire taobh amuigh de shiopa ceoil i lár na cathrach.

  We see Seán and Máire outside a music shop in the city centre
- Dar le fógra crochta ar an doras, tá sladmhargadh na Cásca ar siúl faoi láthair.


  According to a notice hanging on the door,the Easter sale is on at the minute.
- Tá athas an domhain orthu fógra as Gaeilge a fheiceáil.

  They're delighted to see a sign in Irish
- Ansin, socraíonn siad iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a chur chun cinn iad féin.

  They then decide to try to promote Irish themselves!
- I bhfuinneog an tsiopa, feicimid bosca ceoil, bodhrán, conceirtín agus clairseach.

  In the shop window, we see an accordion, a bodhrán, a concertina and a harp

## Pictiúr 2





- Anseo, feicimid Seán agus Máire ina suí ós comhair an ríomhaire.

  We see seán and Máire sitting in front of the computer
- Tá sé socruithe acu dul go dtí an Ghaeltacht chun a gcuid Gaeilge labhartha a fheabhsú.

  They have decided to go to the gaeltacht in order to improve their spoken irish
- Feicimid iad ag lorg eolais faoi chúrsaí Gaeltachta ar Facebook.

  We see them looking for information on Gaeltacht courses on FB.

## Pictiúr 3



- Ní fada go bhfuil turas go dtí an Spidéal eagraithe acu.

  It's not long until they've organised a trip to Spiddle.
- Buaileann siad le daoine nua ann agus tá an deis acu a gcuid Gaeilge a chleachtadh.

  They meet new people there and they have the opportunity to practice their Irish
- Baineann siad taitneamh agus tairbhe as na himeachtaí éagsúla sa Spidéal – céilithe san oíche agus cluichí eitpheile ar an trá i rith an lae.


  They really enjoy the various activities in Spiddle – céilis at night and games of volleyball on the beach during the day.
- Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus cuireann an dea-aimsir go mór leis an saoire.

  The sun is splitting the stones and the great weather really enhances their holiday.

studyclix.ie
makes exams easier

## Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr (cont'd)

### Pictiúr 4




- Méan Fomhair atá ann agus tá Seán agus Máire ar ais ar scoil tar éis na laethanta saoire.

  It's September and Seán and Máire are back at school a!er the holidays

- Beartaíonn siad agus cúpla cara leo ciorcal cainte a eagrú ag am lóin.

  They, along with a couple of their friends, decide to set up a conversation circle at lunch time

- Feicimid iad i mbun comhrá as Gaeilge le chéile.

  We see them chatting away together in irish.

- Is iontach an radharc é!

  It's great to see!

### Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, feicimid Máire ag éisteacht le clár ar Raidío na Gaeltachta.

  Here, we see Máire listening to RnaG.

- Tá an aipp íoslódáilte aici ar a fón póca agus baineann sí an-taitneamh as.

  She has downloaded the app on her phone and really enjoys it

- Ansin, feicimid Seán agus Máire ar a sáimhín só os comhair na teilifíse ag baint suilt as ceann de na cláracha iontacha ar TG4.

  Then, we see Seán and Máire chilling out in front of the TV enjoying one of the excellent programmes on TG4

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr seo, feicimid Seán agus Máire i dteannta ionadaí ó Chonradh na Gaeilge.

  We see Seán and Máire in the company of a representative from Conradh na Gaeilge

- Tá an bhean ag bronnadh gradaim orthu as ucht na hoibre atá déanta acu an Ghaeilge a neartú, a chaomhnú agus a chur chun cinn sa cheantar agus ar scoil.

  The woman is presenting an award to them for their great work promoting, preserving and strengthening Irish in the area and at school.

- Tá siad an-bhródúil astu féin.

  They're really proud of themselves.

# Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad iad na huirlisí ceoil atá le feiceáil san fhuinneog? / What instruments can one see in the window?
- Cad atá ar siúl ag na daltaí ar an trá? / What are the students doing on the beach?
- Cén fáth a bhronnann an bhean an gradam seo ar Sheán agus Máire? / Why does she present them with this award?

## Foclóir A-Z

- Fógra / Notice
- Crochta / Hung
- Bosca Ceoil / Accordion
- Clairseach / Harp
- Socruithe / Organised
- Tairbhe / Benefit
- Íoslódáilte / Downloaded
- Imeachtaí / Activities
- I dteannta / with/in the company of
- Ionadaí / Representative

## 'ing'

- Ag scoilteadh (na gcloch) / Splitting the stones
- Ag baint (suilt) / Enjoying
- Ag lorg / looking/searching for

## Gramadach

- Sladmhargadh na Cásca / Easter sale (Tuiseal Ginideach)
- Buail + **le** / to meet
- Imeachta**í** éagsúl**a** / various activities (plural noun causes plural adjective)
- An-bhrodúil / very proud – an +"h"

## An Bhéaltriail

1. An leabhraíonn tú Gaeilge go minic? / Do you speak Irish often?
2. Cad a ndéanann tú chun an Ghaeilge a spreagadh? / What do you do to encourage Irish?
3. An bhféachann tú ar TG4? / Do you like studying?

studyclix.ie
makes exams easier

# Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, feicimid Síle in oifig an Máistir Ó Ceallaigh, an comhairleoir gairmthreorach

  We see Síle in the guidance counsellor's office.
- Tá siad ag plé cúrsaí ollscoile.

  They are discussing university courses.
- Tá suim ag Síle sa cheimic agus tá sí ag lorg eolais maidir le cúrsa amháin i nGaillimh.

  Síle's interested in chemistry and she's looking for information regarding a course in Galway.
- Dar leis an Uasal Ó Murchú, ní mór di obair dhian a dhéanamh toisc go bhfuil ceithre chéad pointe ag teastáil uaithi chun an cúrsa a fháil

  According to Mr Ó Murchú, she must work hard as she needs 400 points to get the course.

## Pictiúr 2




- I bpictiúr a dó, feicimid Síle agus Siobhán i gclós na scoile.

  We see Síle and Siobhan in the school yard.
- Taobh thiar díobh, tá beirt bhuachaill ag imirt cispheile.

  Behind them, there's 2 boys playing basketball.
- Tugann Siobhan cuireadh do Shíle dul chuig an dioscó an oíche sin ach níl fonn ar Shíle dul ann toisc go bhfuil an iomarca obair bhaile aici.

  Siobhán invites Síle to go to the disco that night but Síle doesn't want to go as she has too much homework.

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, faigheann Síle glaoch óna cara, Seán.

  Sile gets a call from her friend seán
- Iarrann sé uirthi dul go dtí an phictiúrlann an oíche sin.


  He asks her if she'd like to go to the cinema that night
- Dar leis, tá scannán iontach ar siúl sa Savoy, ag tosú ar a hocht a chlog.

  According to him, there's a great film on in the Savoy, starting at 8
- Deir Síle go bhfuil brón uirthi ach ní feidir leí dul toisc go bhfuil aiste le scríobh aici

  Síle says she's sorry but she can't go as she has an essay to write.

## Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht (cont'd)

### Pictiúr 4




- Sa phictiúr seo, feicimid Síle ag staidéar ina seomra codlata. Is léir go bhfuil sí ag obair go dian dícheallach.

  We see Síle studying in her bedroom. It's clear that she's working really hard.
- Ansin, feicimid tuismitheoirí Shíle ag ól cupáin tae sa chistin.

  Then, we see her parents having a cup of tea in the kitchen
- Deir athair Shíle go bhfuil sé buartha fuithi. Dar leis, tá sos ag teastáil uaithi ón staidéar agus ba chóir di dul amach san aer úr

  Her father says he's worried about her. According to him, she needs a break and she should go out into the fresh air.
- Dar lena máthair is cailín ciallmhar í Síle agus tá a fhios aici cad atá ar siúl aici. Is féidir léi dul amach ag an deireadh seachtaine agus níl ach cúpla mí fágtha go dtí na scrúdaithe

  Her mother reckons she's a clever girl and she knows what she's doing. She can go out at the weekends and there are only a few months left until the exams.

### Pictiúr 5




- Lá na dtorthaí atá ann.

  It's results day.
- Tá ceithre chéad caoga pointe gnóthaithe ag Síle agus tá gliondar an domhain uirthi leí féin.

  She's achieved 450 points and she's delighted with herself
- Molann clann Shíle í go hard na spéire.

  Her family praise her to the heights
- Dar le hÁine, tá a rath tuillte aici toisc go ndearna sí sár-iarracht i rith na bliana

  According to Áine, she deserves her success as she worked so hard during the year

### Pictiúr 6




- I bpictiúr a sé, tá Síle i mbun clárúcháin dá cúrsa eolaíochta in ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

  Síle is registering for her chemistry course in NUIG
- Ba bhóthar fada é di ach tá Síle iontach sásta go bhfuil sí anois ag a ceann scríbe.

  It was a long road but she's really happy that she has arrived at her destination.

## Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht (cont'd)

### Ceisteanna

- Cad atá ar siúl ag na buachaillí i bpictiúr a dó? / What are the boys doing in P2?
- Cén fáth nach féidir leí dul go dtí an phictiúrlann? / Why can she not go to the cinema?
- Cén chuma atá ar Shíle i bpictiúr a sé? / How does she look in P6?

### Foclóir A-Z

- Ghairmthreoir / Career Guidance
- Comhairleoir / Counsellor
- Clós / Yard
- Dícheallach / Diligent
- Úr / Fresh
- Ciallmhar / Clever
- Gnóthaithe / Earned/Worked up
- Rath / Success
- Clarúchán / Registration
- Ceann Scríbe / Destination

### 'ing'

- Ag tosú / Starting
- Ag plé / Discussing
- Ag lorg / looking/searching for

### Gramadach

- Iarr + ar = iarann sé *uirthi* – (he asks her)
- Ní mór di = She must
- Athair Shíle = Síle's father (tuiseal ginideach – possession)
- Lá na dtorthaí = day of the results = ainmfhocal sa tuiseal ginideach uimhir iolra

### An Bhéaltriail

1. An bhfuil sé ar intinn duit dul go dtí an ollscoil? / Do you plan on going to university?
2. Cad iad do phleananna tar éis an Árdteiste? / What are your plans for after the LC?
3. An dtaitníonn an staidéar leat? / Do you like studying?

studyclix.ie
makes exams easier


# Comhoibriú an Phobail

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon feicimid beirt chailín i dteannta a chéile ar shráid truallaithe.
  In picture 1, we see 2 girls standing together on a polluted street.
- Tá an áit bun ós cionn – tá na boscaí bruscair ag cur thar maoil agus tá bruscar caite ar fud na háite.
  The place is a mess – the bins are overflowing and there is litter thrown everywhere.
- Deir Máire go bhfuil cuma dhéistineach ar an sráid, agus aontaíonn Siobhán lei. Caithfear feabhas a chur ar chuma na háite gan dabht.
  Máire says that the street looks disgusting, and Siobhán agrees with her. The look of the place needs to be improved, without a doubt.

## Pictiúr 2




- An lá dár gcionn, eagraíonn Máire cruinniú Chomhairle an Phobail chun an fhadhb a phlé.
  The next day, Máire organizes a meeting with the council to discuss the problem.
- Cuireann sí béim ar thábhacht na timpeallachta agus na dualgais atá acu mar shaoránaigh. Eagraíonn siad glantachán poiblí don deireadh seachtaine.
  She emphasizes the importance of the environment and the responsibility that they have as citizens. They organize a public clean-up for the weekend.
- Fadhb eile a thagann chun solais ná saol sóisialta an bhaile. Tá easpa acmhainní ina cnámh spairne.
  Another problem that comes to light is the social life in the town. The lack of resources is a bone of contention.

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, feicimid an glantachán faoi lán seoil. Tá cuma i bhfad Éireann níos fearr ar an áit ina dhiaidh.
  In picture 3, we see the clean-up underway. The place looks a lot better afterwards.
- Bailíonn na hoibrithe deonacha an bruscar ar fad i málaí móra dubha. Tá bibeanna lonracha orthu.
  The volunteers collect all of the rubbish in big black bags. They have high-vis vests on.
- Ba bheag nách raibh muintir na háite in ann an tsráid a aithint! Mar a deir an seanfhocal, ní neart go cur le chéile.
  The people almost didn't recognize the place! As the saying goes, many hands make light work.

## Comhoibriú an Phobail (cont'd)

### Pictiúr 4





- Chomh maith leis an nglantachán, cuirtear béim ar thimpeallacht sóisialta an bhaile.
  As well as the clean-up, an emphasis is put on the social environment of the town.
- Gach Luan cuirtear ceolchoirm bheag ar siúl i gcomhair seanóirí an bhaile mar shiamsaíocht. Glacann amhránaí páirt ann go deonach. Baineann an lucht féachana an-sult as.
  Every Monday a small concert is put on for the elderly people in town as entertainment. Musicians take part voluntarily.  The audience really enjoys it.
- Uair in aghaidh na míosa bíonn cruinniú maidir le „Pobal ar Aire". Labhraíonn Garda faoi na fadhbanna sa cheantar agus bíonn deis ag an bpobal ceisteanna a chur. Bíonn slua mhór ann de shíor.
  Once a month there is a meeting regarding the new 'Neighbourhood watch' system. A garda brings up any issues in the area and the public are given a chance to ask questions. There is always a large crowd there.

### Pictiúr 5




- I bpictiúr a cúig, feicimid roinnt ranganna oíche éagsúla a reachtálann halla an phobail.
  In picture 5, we see some night classes which the town hall organises..
- Bíonn ranganna cócaireachta, ranganna ríomhaireachta agus fiú ranganna garraíodóireachta ar siúl. Is áis iontach í.
  There are cooking classes, computer classes and even gardening classes on. It's an excellent facility.
- Is léir go bhfuil éileamh ar na ranganna seo mar freastalaíonn idir fhir agus mhná orthú.
  It's clear that there is demand for these classes, as both men and women attend them,
- Ag deireadh an lae, is maith le daoine a scíth a ligint agus scileanna nua a fhoghlaim, chomh maith le cairde nua a dhéanamh.
  At the end of the day, people enjoy relaxing and learning new skills as well as making new friends.

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, bronntar seic ar luach dhá mhíle cúig chéad euro ar an mbaile as ucht an dul chun cinn atá déanta acu le déanaí.
  In the last picture, the town is awarded a cheque to the value of two thousand five hundred euro for their recent improvement.
- Is mór an onóir é seo, agus is cinnte go bhfuil a rath tuillte acu. Freisin bronntar corn orthu leis an inscríbhínn 'An baile beag is mó feabhas' air.
  This is a great honour, and it is certain that they have earned their success. They are also awarded with a trophy with the inscription 'most improved small town' on it.
- Déanann na heagrathóirí comhghairdeas leo, agus molann siad dóibh leanacht ar aghaidh lena a gcuid oibre. Tús maith, leath na hoibre!
  The organisers congratulate them, and advise them to keep up the good work.A good start is half the work!

# Comhoibriú an Phobail (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén saghas cuma atá ar an mbaile i bpictiúr a haon? / What sort of appearance does the town have in picture 1?
- Cén saghas ranganna oíche a chuirtear ar siúl?. / What type of night classes are run?.
- Cé mhéid airgid a bronnadh orthu? / How much money were they awarded with?

## Foclóir A-Z

- Truaillithe / polluted
- Ag cur thar mhaoil / overflowing
- Saoránaigh / citizens
- Acmhainn / Resource
- De shíor / Always
- Dul chun cinn/ improvement
- garraíodóireacht / gardening
- oibrí deonach/ volunteer
- A rath / their success
- inscríbhínn / inscription

## 'ing'

- Ag cur thar maoil / over-flowing
- Á phlé / discussing
- Ag glanadh / cleaning

## Gramadach

- Cnámh spairne / Tuiseal Ginideach; spairn = cnámh spairne
- Málaí móra dubha / uimhir iolra; mála mór dubh = mála**í** mór**a** dúbh**a**
- In aghaidh na míosa / Tuiseal Ginideach; an mhí= na míosa
- An fhadhb / Séimhiú (h) on 'fadhb' because "fadhb" is feminine.

## An Bhéaltriail

1. Cén saghas fadhbanna atá i do cheantar? / what sort of problems are there in your area?
2. An gcaitear go maith le seanóirí na laethanta seo? / Are elderly people treated well these days?
3. An fhadhb mhór í fadhb an truaillithe sa tír seo? / Is pollution a big problem in this country?

studyclix.ie
makes exams easier

# Breoite ar Scoil

## Pictiúr 1



- Sa phictiúr seo, tá Síle ag baint taitnimh as oíche ag an dioscó lena cairde agus feicimid iad ag canadh agus ag damhsa le chéile.

  Síle is enjoying a night at the disco with her friends and we see them singing and dancing together
- Níl cíos, cás nó cathú orthu.

  They haven't a care in the world
- Ag deireadh na hoíche, socraíonn Síle agus Sinéad dul chun sceallóga agus borgairí a fháil toisc go bhfuil siad stiúgtha leis an ocras.

  At the end of the night Síle and Sinéad decide to go get chips and burgers as they're starving.

## Pictiúr 2




- Ag a hocht a chlog an mhaidin dár gcionn, buaileann clog aláraim Shíle agus múchann sí é.

  At 8 o clock the following morning, Síle's alarm rings and she turns it off.
- Is ar éigean atá sí in ann bogadh, tá sí chomh lag sin.

  She's hardly able to move, she's so weak
- Glaonn sí ar a máthair, ag rá leí go bhfuil sí traochta amach is amach.

  She calls her mother, telling her she's totally wrecked.

## Pictiúr 3





- Is léir go bhfuil Síle in umar na haimléise ach níl trua dá laghad ag a máthair di agus seolann sí ar scoil í.

  It's clear that Sile's in a bad way but her mother has no pity for her and sends her to school
- Faigheann sí an bus ag geata an tí agus tá an bháisteach ag stealladh anuas ar Shíle bhocht.

  She gets the bus at the gate of the house and it's teeming rain down on poor Síle

## Breoite ar Scoil (cont'd)

### Pictiúr 4





- Feicimid Síle sa rang tíreolaíochta agus tá scrúdú tábhachtach ar siúl aici.

  We see Síle in geography class and she's doing an important test
- Ní féidir leí díriú ar an scrúdú áfach toisc go bhfuil tinneas cinn uafásach chomh maith le fonn cur amach uirthi.

  She can't concentrate on the test however, as she has a terrible headache and feels like throwing up
- Ní féidir a shéanadh go bhfuil sí i gcruachás ceart.

  One cannot deny that she's in a bad way

### Pictiúr 5




- Iarrann Síle cead dul amach óna múinteoir agus ligeann sé amach í.


  Sile asks for permission to leave from her teacher and he lets her out
- Téann sí díreach chun labhairt leis an bpríomhoide.

  She goes directly to speak to the principal
- Insíonn sí di go bhfuil pian uafásach ina bolg aici agus go bhfuil sí fíor-lag.

  She tells her that she has a terrible pain in her stomach and that she feels really weak.
- Tá cuma bhuartha ar an bpríomhoide.

  The principal looks worried.

### Pictiúr 6




- Tugann an príomhoide díreach chuig an dochtúir í agus aithníonn sé láithreach go bhfuil nimhiú bia ar Shíle bhocht.

  The principal takes her straight to the doctor and he immediately recognises that she has food poisoning
- Molann siad di sos leapa a thógáil go dtí go dtiocfaidh feabhas uirthi.

  They advise her to stay in bed until she gets better
- Ní dóigh liom go mbeidh sí ag ithe borgairí arís go ceann i bhfad.

  I don't think that she'll be eating burgers again for a long time

# Breoite ar Scoil (cont'd)

## Ceisteanna

- Cá bhfuil na cairde i bpictiúr a haon? / Where are the friends in pic 1?
- Conas a mhothaíonn Síle i bpictiúr a dó? / How does Sile feel in pic 2?
- Cad atá ar siúl ag na cailíní i bpictiúr a ceathair? / What are the girls doing in pic 4?

## Foclóir A-Z

- Sceallóga & Borgairí / Chips & burgers
- Stiúgtha leis an ocras / Starved
- Umar na haimléise / Shook
- Trua / Pity
- Tinneas cinn / Headache
- I gcruachás / In a bad way
- Fíor-lag / Weak
- Buartha / Worried
- Nimhiú Bia / Food poisoning
- Go ceann i bhfad / For a long time

## 'ing'

- Ag baint taitnimh / Leaving
- Ag rá / Hanging
- Ag stealladh (báistí) anuas / looking/searching for

## Gramadach

- Lena cairde = with her friends (no **h** because her + possessive never takes a séimhiú)
- Chomh = so / Chomh lag = so weak
- Geata an **tí** / the gate of the house (tuiseal ginideach - seilbh)
- Tá nimhiú bia **ar** Sh**í**le / Food poisoning is **on** Sheila (she has it)

## An Bhéaltriail

1. An itheann tú bia gasta? / Do you eat fast food?
2. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le bia gasta? / What are the disadvantages of fast food?
3. An bhfuil do thuismitheoirí diana agat? / Do you have strict parents?

studyclix.ie
makes exams easier


# Droichaimsir an Gheimhridh – Athrú Aeráide

## Pictiúr 1




- Tráthnóna amháin, casann Pól agus Áine an teilifís ar siúl agus tá clár faisnéise ar siúl darb ainm "Primetime".
  One evening, Paul and Áine turn on the television and a documentary called "Primetime" is on.
- Is é ábhar an chláir ná "athrú aeráide le gairid".
  The subject of the show is "climate change recently".
- Ceapann Áine gur fadhb chasta í agus aontaíonn Pól léi.
  Áine thinks that it's a complicated problem and Paul agrees.
- Smaoiníonn siad siar ar na geimhridh a bhí ann le déanaí.
  They think back on the recent winters.

## Pictiúr 2




- I bpictiúr a dó, feicimid geimhreadh amháin le déanaí, ina raibh sé ocht gcéim faoin reophointe.
  In picture 2, we see one recent winter where it was below freezing point at -8 degrees.
- Ba cheann de na geimhridh is fuaire in Éirinn riamh a bhí ann.
  It was one of the coldest winters recorded in Ireland.
- Bhí ar gach éinne fanacht sa teach agus bhí sé ag cur sneachta gan stad.
  Everyone had to stay inside, and it was snowing non-stop.
- Bhí ar gach teaghlach níos mó airgid a chaitheamh ar bhillí teasa freisin.
  Every household had to spend more money on heating bills as well.

## Pictiúr 3




- De bharr na dteochtaí ísle, reoigh agus phléasc píopaí uisce, ag déanamh a lán damáiste do go leor tithe.
  Because of the low temperatues, the water pipes froze and burst, doing a lot of damage to a lot of houses.
- Chun na píopaí a dheisiú, bhí ar na teaghlaigh pluiméirí a fháil. Ba chostas mór eile é, chosnaigh an bille timpeall dhá chéad euro!
  To fix the pipes, the households had to call plumbers. It was another big cost, the bill cost around 200 euro.
- Ar bharr na gcostas seo, mhéadaigh an phréimh árachais do gach teaghlach mí-ámharach a chuir an drochaimsir isteach orthu.
  On top of these costs, the insurance premium for every unfortunate household that was affected by the bad weather.


## Drochaimsir an Gheimridh – Athrú Aeráide (cont’d)

### Pictiúr 4




- I bpictiúr a 4, feicimid iarmhairt eile den athrú aeráide agus drochaimsir an gheimridh.
  In picture 4, we see another repercussion of the climate change and bad winter weather.
- Geimhreadh amháin, bhí gaoth láidir ag séideadh agus mar thoradh, thit crann anuas ar ghluaisteán a bhí ag tiomáint thart.
  One winter, a strong wind was blowing and as a result, a tree fell on a car that was driving past.
- Is léir go bhfuil an t-athrú aeráide fíor-dhainséarach. Tá an t-ádh déarg le tiománaí an ghluaisteáin nár gortaíodh iad.
  It’s clear that the climate change is very dangerous. The driver of the carr is lucky that they weren’t hurt.

### Pictiúr 5




- In áiteanna cosúil le Corcaigh agus Baile Átha Cliath, bhí tuilte uafásacha ann.
  Terrible floods happening in places like Cork and Dublin.
- I gCorcaigh, bhí ar roinnt daoine a dtithe a thréigeadh mar bhí siad scriosta ag an uisce. Bhí ar na seirbhísí éigeandála iad a chabhrú i mbáid tarrthála.
  In Cork, some people had to evacuate their houses because they were destroyed by the water. The emergency servies had to help them in life boats.
- I mBaile Átha Cliath, bhí an leibhéal uisce chomh hard is go raibh na gluaisteán a bhí ag tiomáint leath faoin uisce.
  In Dublin, the water level was so high that the cars that were driving were half under water.

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, feicimid an fáth le hathrú aeráide. Tá an tsraith ózóin scriosta de bharr truaillithe.
  In the last picture, we see the reason for climate change. The ozone layer is destroyed because of pollution.
- Dábharr, tá an domhan ag téimh suas agus tá na cnapáin oighir sa Mhol Thuaidh ag leá. Má leánn an iomarca cnapán, beidh tuilleadh uisce agus mar sin, tuilleadh tuilte agus drochaimsire eile.
  Because of this, the world is heating up and the icecaps in the North Pole are melting. If too many caps melt, there will be more water and therefore more floods and other bad weather.
- Gan aon dabht, is ábhar imní é seo agus ba chóir dúinn machnamh a dhéanamh ar an bhfadhb agus conas í a réiteach.
  Without a doubt, it’s a worrying subject and we should reflect on the problem and how to fix it.
- Mar fhocal scoir, deir Pól go bhfuil ár dtimpealleacht i mbaol agus tá sé in am dúinn dul i ngleic leis an bhfadhb.
  To conclude, Paul says that our environment is in danger and that it’s time for us to react to the problem.

# Drochaimsir an Gheimhridh (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad é iarmhairt amháin den athrú aeráide? / What's one of the repercussions of climate change?
- Cé atá le feiscint i bpictiúr a 5? / What can you see in picture 5?
- Cé mhéad a chosnaigh an bhille i bpic 3? / How much did the bill cost in picture 3?

## Foclóir A-Z

- Athrú aeráide/ climate change
- Clár fáisnéise / documentary
- Reophointe / freezing point
- Céim / degree
- Préimh árachais / insurance premium
- Iarmhairt / repercussion
- Tuilte / floods
- Bád tarrthála / life boat
- Sraith ózóin / ozone layer
- Cnapáin oighir / ice caps

## 'ing'

- Ag séideadh / blowing
- Ag cur sneachta / snowing
- Ag leá / melting

## Gramadach

- Mar t***h***oradh / "Mar" always puts a *séimhiú* on the following noun.
- An ***t***sraith ózóin / Feminine nouns that begin with an "s" always have a "t" before it if the article "an" is used.


- Ár ***d***timpeallacht / "Ár"(our)always puts an *urú* on the following word.
- Cnapáin oighir / Tuiseal ginideach... oighear = oighir

## An Bhéaltriail

1. Cad a cheapann tú faoi athrú aeráide? / What do you think of climate change?
2. Cad is féidir linn a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhfadhb? / What can we do to deal with the problem?
3. An ndéanann tú áthchursáil? / Do you recycle?

# Timpiste sa Choláiste Samhraidh

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, tá triúr buachaill, Seán, Pól agus Eoin ar tí cúrsa Gaeilge a thosú sa Ghaeltacht.

  In this pic, 3 boys are about to start an Irish course in the Gaeltacht.

- Deir a dtuismitheoirí leo bheith cúramach, taitneamh a bhaint as an gcúrsa agus guíonn siad ádh mór orthu.

  Their parents tell them to be careful, to enjoy the course and they wish them well

- Fágann na buachaillí slán ansin lena dtuismitheoirí

  The boys then wave goodbye to their parents

## Pictiúr 2




- Cuirtear clárama gnóthach ar siúl do na daltaí.

  A busy timetable is put on for the students.

- Bíonn ranganna acu ar maidin ó leathuair tar éis a naoi go leathuair tar éis a dódhéag.

  They have classes in the morning from 9.30 to 12.30 .

- Tar éis an lóin, bíonn cluichí páirce trá agus istigh acu go dtí leathuair tar éis a cúig

  After lunch, they have games on the beach and indoors until half 5

- Ina dhiaidh sin, filleann na daltaí ar a dtíthe lóistín le haghaidh dinnéir.

  After that, the students return to their accommodation for dinner

- San oíche, eagraítear céilí nó seó tallainne.

  At nightime, a céilí or talent show is organised

- Faoi dheireadh, glaotar an rolla sna títhe ag leathuair tar éis a deich.

  Finally the roll is called in the houses at 10.30

## Pictiúr 3




- Le linn cluiche peile ar an trá, gortaíonn Seán a chos go dona.

  During a football match on the beach, Seán injures his leg badly

- Is léir go bhfuil sé i bpian uafásach agus é ag screadaíl in árd a chinn is a ghutha.

  It's clear that he's in terrible pain and he's screaming at the top of his voice

studyclix.ie
makes exams easier

## Timpiste sa Choláiste Samhraidh (cont'd)

### Pictiúr 4




- Cuireann duine de na múinteoirí Seán sa charr.


  One of the teachers puts Seán in the car
- Is ar éigean atá sé in ann siúl.

  He's hardly able to walk
- Tá trua ag na múinteoirí eile do Sheán mar go bhfuil dúil mhór aige i spórt.

  The teachers have great pity for Seán as he's mad into sport.
- Iarrann siad ar an múinteoir glaoch a chur orthu ón ospidéal atá 50 míle ón gcoláiste.

  They ask the teacher to call them from the hospital that's 50 miles from the college

### Pictiúr 5




- San ospidéal, tá dea-scéal ag an dochtúir agus é tar éis cos Sheáin a scrúdú.

  In the hospital, the doctor has good news after examining Seán's foot
- Nil sé briste ach beidh air maidí coise a úsáid ar feadh tamaillín.

  It's not broken but he'll have to use crutches for a while
- Ba cheart go mbeadh biseach air i gceann seachtaine.

  He should be better in a week
- Glaonn an múinteoir ar mháthair Sheáin chun í a chur ar a suaimhneas

  The teacher calls Seán's mother to put her at ease

### Pictiúr 6




- Ag fiche tar éis a deich, filleann Seán ar an gcoláiste agus tá an céilí faoi lán seoil.

  At twenty past 10, Seán returns to the college and the céilí is in full swing
- Dar ndóigh, ní féidir leis páirt a ghlacadh sa spórt agus spraoi ach cuireann gach duine fáilte chroíúil roimhe.

  Of course, he can't take part in the fun but everyone welcomes him back warmly
- Gan amhras, tá faoiseamh ar gach duine go bhfuil Seán ar ais slán sábháilte.

  Without doubt, everyone is relieved that Seán is back safely

# Timpiste sa Choláiste Samhraidh (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl ag na buachaillí i bpictiúr a haon? / What are the boys doing?
- Cén t-am a chríochnaíonn na ranganna? / What time does the class finish?
- Cén dea-scéal atá ag an dochtúir? / What good news does the doctor have?

## Foclóir A-Z

- Slán a fhágaint le… / To say goodbye to
- Clárama / timetable
- Lóistín / accommodation
- Seo tallainne / talent show
- in árd a chinn is a ghutha / at the top of his voice
- Trua / Pity
- Dúil / love
- Maidí coise / crutches
- Chur ar suaimhneas / put at ease
- Faoiseamh / relief

## 'ing'

- Ag screadaíl / screaming

## Gramadach

- Eagra**ítear** = is/are organised - An Briathar Saor (Aimsir Láithreach)
- Ba cheart go mbeadh = should be
- Fáilte a chur **roimh** = to welcome
- Cos S**h**eá**i**n = Seán's foot (Sean -> Sheáin / An Tuiseal Ginideach)

## An Bhéaltriail

1. An raibh tú riamh i gcoláiste samhraidh? / Were you ever in a summer college?
2. An imríonn tu spórt? / Do you play sport?
3. An bhfuil pleananna agat don samhradh? / Do you have plans for the summer?

# Sláinte na nÓg – Seachtain na Sláinte

## Pictiúr 1





- Sa phictiúr seo, maidin Luain atá ann ag leathuair tar éis a naoi agus tá príomhoide na scoile ag tabhairt fógra do na daltaí ar an idirchum.

  It's Monday morning at half nine and the principal is giving an announcement to the students on the intercom

- Dar leí, Seachtain na Sláinte atá inti ar scoil agus cuirfear béim ar shláinte na ndaltaí a chur chun cinn le linn na seachtaine.

  According to her, it's healthy week at school and an emphasis will be put on promoting student health during the week

## Pictiúr 2




- Mar chuid de Sheachtain na Sláinte, déanann an scoil iarracht na daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí spóirt.

  As part of healthy week, the school tries to encourage the students to take part in sport


- Eagraítear cluiche peile idir na daltaí agus na múinteoirí i bpáirc na scoile.

  A football match is organised between the teachers and the students in the school pitch

- Ansin, i Halla na Scoile, cuirtear ranganna aclaíochta ar siúl do na daltaí agus baineann siad an-taitneamh astu.

  Then, in the school hall, fitness classes are held for the students and they really enjoy them

## Pictiúr 3




- I gceaintín na scoile, tá bia sláintiúil ar nós torthaí, íogart agus arán donn tí ar díol agus tá an-tóir orthu.

  In the school canteen, healthy food like fruit yoghurt and soda bread are on sale and are very popular

- Feicimid ansin buachaill amháin agus bia gasta á ithe aige.

  Then, we see one boy eating fast food

- Is léir nach dtuigeann sé go ndéanann bia mar seo dochar don tsláinte má itear an iomarca de.

  It's clear that he doesn't realise that food like this does damage to one's health if one eats too much of it

studyclix.ie
makes exams easier

Sláinte na nÓg – Seachtain na Sláinte (cont'd)

## Pictiúr 4




- Chun airgead a bhailiú le haghaidh trealamh spóirt don scoil, reachtáltar siúlóid urraithe agus is imeacht rathúil amach is amach é.

  To raise money for school sports equipment, a sponsored walk is held and it's a hugely successful event

- Glacann idir mhúinteoirí agus dhaltaí páirt sa tsiúlóid lá grianmhar amháin.

  Both teachers and students take part in the walk one sunny day

## Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, labhraíonn aoichainteoir faoi fhadhbanna mheabhairshláinte leis na daltaí.

  A guest speaker talks to the students about mental health problems

- Spreagann sí na daltaí labhairt lena dtuismitheoirí nó lena múinteoirí má tá aon rud ag cur isteach orthu.

  She encourages the students to speak to their parents/teachers if there's anything bothering them

- Gan dabht, tá na daltaí ag éisteacht go géar leis an gcomhairle.

  Without doubt, the students are listening carefully to the advice

## Pictiúr 6




- Tráthnóna Aoine atá ann agus feicimid an príomhoide ar an idirchum arís.

  It's Friday afternoon and we see the principal on the intercom again

- Molann siad na daltaí as ucht na hiarrachta a rinne siad le linn Seachtain na Sláinte.

  She praises the students for their effort during healthy week

- Seachtain den scoth a bhí inti agus tá an príomhoide fíorbhuíoch do gach duine.

  It was a fantastic week and the principal is very grateful to everyone.

# Sláinte na nÓg – Seachtain na Sláinte (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl i Halla na Scoile? / What is happening in the school hall?
- Cén sórt bia atá ar fáil sa cheaintín? / What type of food is available in the canteen?
- Cén fáth a bhfuil siúlóid urraithe ar siúl? / Why is the sponsored walk being held?

## Foclóir A-Z

- Idirchum / intercom
- Béim (a chur) / (to put) emphasis
- A chur chun cinn / promoting
- Ranganna aclaíochta / athletics classes
- Le linn / during
- Bia gasta / fast food
- Trealamh / equipment
- Urraithe / sponsored
- Meabhairshláinte / mental health
- Siúlóid / walk

## 'ing'

- Ag tabhairt (fógra) / giving an announcement
- Á ithe / eating

## Gramadach


- Páirt a ghlacadh / to take part
- Idir mhúinteoirí agus dhaltaí / both teachers and students
- Reachtáltar / is held – Briathar Saor Aimsir Láithreach
- Halla na Scoile / Tuiseal Ginideach (possessive)… an scoil –> halla na scoile

## An Bhéaltriail

1. Cad a ndéanann tú chun cóimeád sláintiúil? / How do you stay healthy/fit?
2. An bhfuil ceaintín sa scoil seo? / Does this school have a canteen?
3. An bfhuil fadhb again sa tír seo le bia gasta? / Do we have a problem with fast food in Ireland?


# Bua ag Cór na Scoile

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, an cúigiú lá déag de Mheán Fómhair atá ann agus feicimid Cór Choláiste Phádraig ag glacadh páirte sa chomórtas "Cór na Scoileanna".
  It's the 15th of September and we see St Patricks College Choir taking part in the "Schools Choir" competition.
- Tá idir chailíní agus bhuachaillí sa chór agus tá siad gléasta ina n-éide scoile.
  There are both girls and boys in the choir and they're dressed in their uniform
- Tá an comórtas ar siúl i stiúideo de chuid RTÉ. Is é chéad babhta an comórtais atá an – an taifeadadh.
  The competition is taking place in an RTÉ studio. It's the first round of the competition – the recording.

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, cuireann ionadaí RTÉ glaoch ar phríomhoide na scoile toisc go bhfuil dea-scéal aici.
  In this picture, an RTE representative calls the principal as she has good news
- Tá an cór cáilithe anois don chraobh a bheidh ar siúl i nDoire i gceann cúpla seachtaine.
  The choir has qualified for the final which will take place in Derry in a couple of weeks
- Tá gliondar an domhain ar an bpríomhoide leis seo.
  The principal is delighted with this.

## Pictiúr 3





- Tugann foireann ceamara ó RTÉ cuairt ar an scoil chun imeachtaí scoile éagsúla a thaifeadadh – mar shampla an fhoireann peile, an fhoireann díospóireachta agus ceoldráma na scoile.
  A camera crew from RTÉ visit the school to record various school activities e.g. the football team, the debating team and the school musical
- Craolfar an tuairisc ar RTÉ cúpla lá roimh an gcomórtas.
  The report will be broadcast on RTE a couple of days before the competition

studyclix.ie
makes exams easier

## Bua ag Cór na Scoile (cont'd)

### Pictiúr 4





- Sa phictiúr seo, baineann na daltaí an-taitneamh as an tuairisc agus dár ndóigh, tá siad ar bís nuair a fheiceann siad iad féin ar an teilifís.

  The students really enjoy the report and of course are excited to see themselves on TV.

- Ansin, tá an lá mór tagtha agus tá cór na scoile ar an mbus ar a mbealach go Doire.

  The big day has arrived, and the school choir are on the bus on the way to Derry

### Pictiúr 5




- I bpictiúr a 5, feicimid cór na scoile thuas ar stáitse i Halla na Mílaoise.

  In picture 5, we see the school choir up on stage in the Millenium Hall.

- Tá siad ag canadh le chéile go gleoite agus tá an múinteoir ceoil á stiúrtha.

  They are singing together gorgeously and the music teacher is conducting.

- Tá an lucht éisteachta agus na moltóirí araon ag éisteacht leo go géar.

  The audience and the judges are both listening to them closely.

- Tá fear sa chúinne ag taifeadadh an chóir chomh maith.

  There's a man in the corner recording the choir too.

### Pictiúr 6




- Faoi dheireadh, fógraíonn an príomhmholtóir go bhfuil an bua ag Coláiste Phádraig agus tá lúcháir an domhain orthu.

  Finally, the head judge announces that St Patrick's College have won and everybody is thrilled.

- Nuair a thagann siad ar ais ar scoil, déanann an príomhoide comhghairdeas leo.

  When they get back to school the principal congratulates them.

- Eagraítear cóisir mhór ar scoil chun an bua a cheiliúradh.

  A big party is organised at school to celebrate the win!

# Bua ag Cór na Scoile (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén dáta a bhfuil an comórtas ar siúl i bpictiúr a haon? / What date is the competition on in picture 1?
- Cá mbeidh an craobh ar siúl? / Where will the final be on?
- Cén imeachtaí atá á dtaifeadadh ag RTÉ i bpictiúr a trí? / What activities are being recorded by RTE in pic 3?

## Foclóir A-Z

- Idir (chailíní agus buachaillí) / both
- Ionadaí / Representative
- Cáilithe / Qualified
- Gliondar / Delight
- Ceoldráma / Musical
- Tuairisc / Report
- Á stiúrtha/ conducting
- Géar / closely
- Moltóirí / Judges
- Lúcháir / Joy

## 'ing'

- Ag glacadh páirte / taking part
- Ag éisteacht go gear / listening closely
- Ag taifeadadh / recording

## Gramadach

- An fhoireann peil**e** = Tuiseal Ginideach, peil -> peile
- Ar a **m**bealach = on their way – a + úrú
- An príomhm**h**oltóir = the head judge – príomh + "h"
- Craolfar = will be broadcast - Briathar Saor san Aimsir Fháistineach

## An Bhéaltriail

1. An bhfuil cór sa scoil seo? / Is there a choir in this school?
2. An raibh tú riamh i gcraobh mar pháirt de ghrúpa éigin? / Were you ever in a final as part of a group?
3. An maith leat a bheith ag canadh? / Do you like to sing?

studyclix.ie
makes exams easier

# Teip sa scrúdú tiomána

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, feicimid Seán taobh amuigh den ionad tástála agus is léir go bhfuil sé ar tí a scrúdú tiomána a dhéanamh.

  We see Seán outside the test centre and it's clear that he's about to do his driving test

- Tá a athair in éineacht leis agus guíonn sé ádh mór air.

  His father is along with him and he wishes him good luck

- Tá cuma neirbhíseach ar Shéan bocht, ní call a rá.

  Poor Sean looks nervous, it goes without saying

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, tá an scrúdú faoi lán seoil.

  The test is underway

- I dtús báire, cuireann an scrúdaitheoir cúpla ceist ar Shéan faoi rialacha an bhóthair.

  Firstly, the examiner asks Seán a couple of questions about the rules of the road

- Ansin, ar aghaidh leo sa charr agus feicimid Seán taobh thiar den roth stiúrtha agus an scrúdaitheoir in aice leis.

  Then, away with them in the car and we see Seán behind the steering wheel and the examiner beside him

## Pictiúr 3



- I bpictiúr a trí, is léir nach bhfuil Seán ag tabhairt dóthain aire don bhóthar nuair a bheannaíonn sé dá chairde atá ag siúil thar bhráid.

  It's clear that sean is not paying enough attention to the road when he greets his friends who are going past.

- Ní mó ná sásta atá an scrúdaitheoir leis an iompar seo ó Sheán.

  The examiner isn't too happy with his behaviour from Seán

- Tá an scéim marcála ina lámha aige.

  He has the marking scheme in his hands

## Teip sa scrúdú tiomána (cont'd)

### Pictiúr 4



- I bpreabadh na súl, buaileann carr Sheáin an gluaisteán atá chun tosaigh.

  In the blink of an eye, Seán's car hits the car in front


- Baintear geit uafásach as tiománaí an ghluaisteáin eile chomh maith le Seán, an scrúdaitheoir agus na daoine eile atá i láthair.

  The driver of the other carr gets a terrible fright as does Seán, the examiner and the other people present

- Tá praiseach ceart déanta ag Seán den scrúdú – an t-amadán!

  Seán has made a total mess of the exam – the eejit

### Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, cuireann an tiománaí eile fios ar na Gardaí agus tagann Garda amháin gan mhoill.

  The other driver calls the Guards and a Guard turns up without delay

- Tá cúlsholas a ghluaisteáin briste ach buíochas le Dia, níl aon damáiste dáiríre déanta.

  The backlight of his carr is broken but thank God, there's no serious damage done

- Míníonn an scrúdaitheoir dó go raibh a scrúdú ar siúl ag Seán nuair a tharla an timpiste.

  The examiner explains to him that Seán was doing his test when the accident happened

- Tá cuma fheargach fós ar an tiománaí eile ach tairgeann Seán íoc as an damáiste.

  The other driver still looks mad but Seán offers to pay for the damage

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach tá Seán agus an scrúdaitheoir ar ais san ionad tástála.

  Seán and the examiner are back in the test centre

- Deir an scrúdaitheoir leis go mbeidh seans eile aige an scrudú a dhéanamh i gceann cúpla seachtaine

  The examiner tells him that he'll have another chance to do the exam in a couple of weeks

- Molann sé dó tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh agus, dár ndóigh, níos mó aire a thabhairt as seo amach.

  He advises him to practice more and ,of course, to take more care from now on.

# Teip as scrúdú tiomána (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén chuma atá ar Shéan i bpictiúr a haon? / How does Seán look
- Cad atá ar siúl ag Seán i bpictiúr a trí? / What's Seán doing?
- Cén damáiste atá déanta don charr? / What damage has been done to the car?

## Foclóir A-Z

- Ionad Tástála / Test centre
- In éineacht leis / With him
- Guíonn sé ádh air / He wishes him luck
- An scrúdaitheoir / The examiner
- An roth stiúrtha / The steering wheel
- Iompar / behaviour
- Scéim marcála / marking scheme
- I bpreabadh na súl / In the blink of an eye
- Praiseach ceart / A right mess
- Dáiríre / serious

## 'ing'

- Ag tabhairt (aire) / Paying attention

## Gramadach

- Ar tí = about to – "Bhí mé **ar tí** an teach a fhágáil nuair a thosaigh sé ag cur báistí"
- Beannaigh + do = to greet – "Bheannaigh sé **dom**" (He greeted me)
- An carr **chun tosaigh** = the car **in front**
- Aire a thabhairt = to take care


## An Bhéaltriail

1. An bhfuil tú in ann tiomáint? / Can you drive?
2. An bhfuil an scrúdú tiomána déanta agat? / Have you done the driving test?
3. Cad a cheapann tu faoi sábháilteacht ar na bóithre in Éireann? / What do you think of safety on the roads in Ireland?

studyclix.ie
makes exams easier

# Turas go dtí Comórtas Leadóige Wimbledon

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, tá scrúdú an tsamhraidh faoi lán seoil agus feicimid na daltaí ag obair go dian dícheallach i Halla na Scoile.

  The summer exam is under way and we see the students working hard in the school hall

- An oíche sin, buaileann Seán, Pádraig agus Eoin le chéile ag seisiún traenála leadóige. Tá dea-scéal ag Seán.

  That night, Seán Padraig and Eoin meet up at a tennis training session. Seán has good news.

- Tá sé tar éis ticéid a bhuachan do chomórtas leadóige Wimbledon ag deireadh na míosa.

  He's after winning tickets for Wimbledon at the end of the month

- Tugann sé cuireadh do na buachaillí dul ann leis.

  He invites the lads to go there with him.

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, feicimid na buachaillí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus tuismitheoirí Sheáin in éineacht leo.

  We see the boys at Dublin Airport and Seán's parents along with them

- Deir máthair Sheáin leo téacs a sheoladh chomh luath is a shroicheann siad a n-óstán agus deir a athair leo taitneamh a bhaint as an turas.

  Seán's mother tells them to send a text as soon as they arrive at their hotel and his father tells them to enjoy the trip.

- Gan dabht, tá na buachaillí ar bís agus ag súil go mór leis an turas.

  Without doubt, the boys are excited and really looking forward to the trip

## Pictiúr 3




- Feicimid Droichead Londain sa phictiúr seo chomh maith le habhainn an Thames.

  We see London Bridge as well as the River Thames

- La breá brothallach atá ann agus tá na buachaillí anois ar a sáimhín só ina n-óstán.

  It's a beautiful day and the boys are now chilling out in their hotel

- Gan amhras, tá siad an-tógtha leis an seomra atá fíor-chompórdach dar leo.

  They're very impressed with the room that's really comfortable according to them.

- Dár ndóigh, tá na buachaillí stiúgtha leis an ocras agus socraíonn siad rud éigin a ordú ón mbiachlár seirbhís seomra.

  Of course, the boys are starving, and they decide to order something from the room.

## Turas go dtí Comórtas Leadóige Wimbledon (cont'd)

### Pictiúr 4



- Sa phictiúr seo, téann na buachaillí ar bhus turasóireachta timpeall na cathrach chun na radhairc cáiliúla go léir a fheiceáil.

  The boys take a tourist bus around the city to see all the famous sights
- Déanann siad iontas ar na sluaite daoine, ar Big Ben chomh maith leis an London Eye.

  They are amazed by the crowds of people, by Big Ben as well as the London Eye
- Is léir go bhfuil siad go mór faoi dhraíocht ag cathair Londain.

  It's clear that they are spellbound by the city of London

### Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, is léir go n-eiríonn leis na buachaillí bualadh leis na himreoirí cailiúla Nadal agus Djokovic roimh an gcluiche.

  In this picture, it's clear the boys manage to meet the famous players Nadal and Djokovic before the match
- Faigheann siad a síniúcháin uathu agus caitheann siad tamall beag I mbun comhrá leo.

  They get their autographs and spend a little time chatting to them
- Gan dabht, caitheann Nadal agus Djokovic go deas leis na buachaillí.

  Nadal and Djokovic are really nice to the boys

### Pictiúr 6




- Tá an cluiche leadóige thart agus tá sé buaite ag Djokovic.

  The tennis match is over and it has been won by Djokovic
- Ba bheag a bhí idir an dá imreoir áfach

  There was very little between the 2 players however
- Dár ndóigh bhí an t-ádh leis na buachaillí go raibh an deis seo acu.

  Of course, the boys were very lucky to have this opportunity
- Tá brón orthu bheith ag filleadh abhaile ach ní dhéanfaidh siad dearmad go deo ar an turas go comórtas leadóige Wimbledon.

  They're sad to be returning home but will never forget the trip to Wimbledon

# Turas go dtí Comórtas Leadóige Wimbledon (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl ag na daltaí i bpictiúr a haon? What are the students doing?
- Cad iad na radhairc atá le feiceáil i bpictiúr a ceathair? What sights can be seen?
- Conas a mhothaíonn na buachaillí tar éis an chluiche? How do the boys feel after the match?

## Foclóir A-Z

- Seisiún Traenála / Training session
- Dea-scéal / Good news
- In éineacht le... / along with
- Ar a sáimhín só / Relaxing
- Stiúgtha / Starved
- Iontas / Wonder
- Sluaite / Crowds
- Siniúchan / Signature
- Tamall / A while
- Deis / Opportunity

## Gramadach


- Scrúdú an tsamhraidh = summer test – Ainmfhocal Uatha sa Tuiseal Ginideach
- Chomh luath is = as soon as – m.sh. chomh luath agus is féidir (as soon as possible)
- Na himreoirí cáiliúla – the famous players. Aidiacht san Uimhir Iolra
- Ta sé buaite *ag* Djokovic – It has been won *by*…

## An Bhéaltriail

1. An imríonn tú sport? / Do you play sport?
2. An raibh tú riamh thar lear? / Were you ever abroad?
3. Cad é an sport is fearr leat? / What is your favourite sport?

# Agallamh do Nuacht TG4 @7

## Pictiúr 1




- I bpicitúr a haon, feicimid an lárionad siopadóireachta lá amháin ag a dó a chlog, lán le siopadóirí ag ceannach agus ag féachaint ar earraí éagsúla.
  In picture 1, we see the shopping center one day at 2 o clock, full of shoppers buying and looking at various goods.
- Tá rogha mór ann; is féidir éadaí álainne a cheannach i Rogha na bhFaisean nó in Éadaí Deasa, is féidir lón blasta a ithe i mBia den Scoth agus tá siopa crua earraí ann freisin..
  There is a big choice there: nice clothes can be bought in Rogha na bhFaisean or Éadaí Deasa, a tasty lunch can be eaten in Bia den Scoth agus there is also a hardware shop.
- Ta triúr cara, Ciara, Liam agus Seán ina suí ag bun na staighrí, tá siad ag tógáil sosa ón siopadóireacht.
  Three friends, Ciara liam and Seán are sitting at the bottom of the stairs, they are taking a break from shopping.

## Pictiúr 2




- I bpictiúr a dó, tagann beirt fhear suas chuig na déagóirí. Tá micreafón ag duine amháin acu agus ceamara ag an duine eile.
  In picture 2, two men come up to the teenagers. One of them has a microphone and the other has a camera.
- Is léir gur ó TG4 iad.
  It's clear they're from TG4.
- Fiafraíonn siad díobh an bfhuil Gaeilge acu agus an bhfuil cead acu cúpla ceist a chur orthu.
  They ask them do they have Irish and can they ask them a couple of questions.
- Tá na déagóirí lán-sásta agallamh beag a dhéanamh.
  The teenagers are happy to have a small interview.

## Pictiúr 3




- Tosaíonn an t-agallamh ansin agus is é an téama atá ann ná "saol daoine óga inniu."
  The interview then starts and the theme is "Life of Young People Today".
- Iarrann an t-agallóir ar na déagóirí a dtuairimí faoin téama a thabhairt.
  The interviewer asks the teenagers to give their opinions on the theme.
- Tosaíonn an ceamara ag taifeadadh. Beidh an t-agallamh á chraoladh ar Nuacht TG4 ag a seacht.
  The camera starts recording. The interview will be broadcasted on TG4 news at 7.


## Agallamh do Nuacht TG4 @7 (cont'd)

## Pictiúr 4




- Tosaíonn na déagóirí go léir ag caitheamh amach gach tuairim atá acu faoi shaol daoine óga inniu.
  The teenagers start throwing out every opinion they have about the life of young people today.
- Deir Seán gurb é cúrsaí airgid ceann de na fadhbanna atá ag daoine óga sa lá atá inniú ann agus ag fáil poist.
  Seán says that money is one of the problems that young people face today and finding a job.
- Ceapann Ciara go gcuireann scoil, na scrúdaithe agus tuismitheoirí brú agus strus ar dhéagóírí.
  Ciara thinks that school, exams and parents put pressure and stress on teenagers.
- Dar le Liam, tá buntáistí ann le bheith mar dhuine óg chomh maith, cosúil le am saor, bia maith agus saol sóisialta maith.
  According to Liam, there are advantages to being a young person as well, such as free time, good food and a good social life.

## Pictiúr 5




- I bpictiúr a cúig, cuireann Liam ceist ar an agallóir cén t-am a bheidh an t-agallamh á chraoladh ar an teilifís.
  In picture 5, Liam asks the interviewer what time the interview will be broadcasted on the television.
- Deir an t-agallóir go mbeidh sé ar siúl ag a seacht a chlog an oíche sin.
  The interviewer says it'll be on at 7 o clock that night.
- Tugann foireann TG4 éadaí brandálaithe ó TG4 do na déagóirí chun a mbuíochas a ghabháil leo.
  The TG4 team gives the teenagers branded clothing from TG4 as a thanks.
- Tá siad lán sásta leo féin agus a n-éadaí nua saor in aisce.
  They're delighted with themselves and their new free clothes.

## Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, feicimid na déagóirí ina suí ós comhair na teilifíse i dteach Liam lena thuismitheoirí. Tá siad ag féachaint ar an agallamh.
  In the last picture, we see the teenagers sitting in front of the television in Liam's house with his parents. They're watching the interview.
- Ceapann máthair Liam go bhfuil an clár agus tuairimí na ndéagóirí an-spéisiúil.
  Liam's mother thinks the programme and the teenager's opinions are very interesting.
- Níl a athair chomh cinnte. Ní raibh fhios aige go raibh daoine óga faoi bhrú agus ní aontaíonn sé go bhfuil saol deacair ag daoine óga. Is léir gur ábhar conspóideach é le dhá thaobh!
  His father isn't as sure. He didn't know that young people were under pressure and he doesn't agree that they have a hard life. It's clear it's a controversial subject with 2 sides to it!

Agallamh do Nuacht TG4 @7 (cont'd)

## Ceisteanna

- Ainmnigh siopa amháin atá le feiceáil i bpictiúr a haon? / Name one shop that can be seen in picture 1?
- Cad atá i lámh an agallóra i bpictiúr a 3? / What is in the interviewer's hand in picture 3?
- Cad a cheapann máthair Liam faoin agallamh? / What does Liam's mother think about the interview?

## Foclóir A-Z

- **Agallamh** / interview
- **An t-agallóir** / the interviewer
- **Micreafón** / microphone
- **Lárionad siopadóireachta** / shopping centre
- **Crua earraí** / hardware
- **Tuairim** / opinion
- **Brú**/ presure
- **Saol sóisialta** / social life
- **Éadaí brandálaithe** / branded clothing
- **Ábhar conspóideach** / controversial issue.

## 'ing'

- Ag taifeadadh / recording
- Ag tógáil sosa / taking a break
- Ag caitheamh amach / throwing out

## Gramadach

- Éadaí álainne / Éadaí = plural, so therefore the adjective (álainn) also has to be plural = aláinne.
- Iarrann an t-agallóir ar na déagóirí / Iarr + ar
- Ag lorg poist / Tuiseal Ginideach... Infinitive verb (ag lorg) + job (post) = ag lorg poist
- Ar an agallóir / Because it's masculine, it's "an t-agallóir" (urú), but because it's now a preposition (ar an), you must drop the urú = an t-agallóir => ar an agallóir.

## An Bhéaltriail

1. An raibh tú riamh ar an teilifís? / Were you ever on television?
2. Cad é do mheas ar TG4? / What are your thoughts on TG4?
3. Cad í an fhadhb is mó ag cur isteach ar dhaoine óga, dar leat? / What is the biggest problem that young people face, in your opinion?

# Robáil Bhainc

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, léann Síle teachtaireacht atá faighte aici ó Shinéad.

  Síle reads a message she has gotten from Sinéad.


- Dar le Sinéad, tá lá saor acu an lá dár gcionn agus tugann sí cuireadh do Shíle dul ag siopadóireacht leí sa chathair.

  According to Sinéad, she has a day off the following day and she invites Sinéad to go shopping with her in the city

- Glacann Síle go fonnmhar leis an gcuireadh agus tá sí ag súil go mór leis!

  Síle enthusiastically accepts the invitation and is really looking forward to it

## Pictiúr 2




- Ceannaíonn na cailíní dhá thicéad traenach go Baile Átha Cliath ag an stáisiún áitiúil.

  The girls buy 2 train tickets to Dublin at the local station

- Tá an stáisiún ciúin go leor- níl ach bean amháin eile ar ardán a dó ag fanacht leis an traein ar an lá grianmhar seo.

  The station is quiet enough – there's only one other woman on platform 2 waiting for the train on this sunny day.

## Pictiúr 3




- Tá an chathair iontach ghnóthach ar an lá áirithe seo, agus feicimid na sluaite daoine ar Shráid Uí Chonaill.

  The city is really busy on this particular day and we see the crowds of people on O'Connell St.

- Tar éis dóibh an traein a fhágáil, téann na cailíní i dtreo Sráid Grafton agus feicimid iad ag siúl thar Bhanc na hÉireann.

  After them leaving the train, the girls go in the direction of Grafton St and we see them walking past Bank Of Ireland

- Níl cíos, cás nó cathú orthu.

  They haven't a care in the world

## Robáil Bhainc (cont'd)

### Pictiúr 4




- Go tobann, ritheann beirt ghadaí armtha as an mbanc.

  Suddenly, 2 armed robbers run out of the bank

- Tá siad gléasta in éadaí dubha agus tá balaclávа ar a n-aghaidheanna acu

  They're dressed in dark clothes and have balaclavas on their faces

- Tá málaí airgid acu agus tá gunna i lámh duine amháin acu agus é á phointeáil go bagrach i dtreo na gcailíní.

  They have bags of money and one has a gun in his hand which he points threateningly in the girls' direction

- Tá na cailíní scanraithe ina mbeatha ach éiríonn le Síle a fón a thógáil amach agus fios a chur ar na Gardaí

  The girls are terrified but Síle manages to take out her phone and call the guards

### Pictiúr 5




- Ní fada go bhfuil na Gardaí ann ach, scaoileann na coirpigh urchar leo.

  It's not long until the guards arrive but the criminals shoot at them


- Tá an eachtra fíor-dháiríre ag an bpointe seo.

  The incident is very serious at this point

- Buíochas le Dia, éiríonn leis na Gardaí breith orthu sula ngortaítear duine go dona agus tugtar iad díreach chuig stáisiún na nGardaí

  Thankfully, the guards manage to capture them before anyone is seriously injured and they are taken directly to the station

### Pictiúr 6




- Gabhann an Garda buíochas leis na cailíní as ucht na cabhrach a thug siad dóibh.

  The Garda thanks the girls for their help

- Gan amhras, tá siad an-bhródúil astu féin

  Without doubt, they're very proud of themselves

- Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, tugtar na coirpigh ós cómhair na cúirte.

  A couple of weeks later, the criminals are brough before the court

- Níl amhras ar bith ar an mbreitheamh go bhfuil siad ciontach as an gcoir.

  The judge has no doubt that they are guilty of the crime

- Gearrann sé téarma priosúnachta ar an mbeirt fhear.

  He imposes a prison term on the 2 men

# Robáil Bhainc (cont'd)

## Ceisteanna

- Cá bhfuil na cailíní i bpictiúr a dó? / Where are the girls?
- Cad atá i lámha na ngadaithe? / What have the thieves in their hands?
- Cad a dhéanann an garda i bpictiúr a sé? / What does the guard do?

## Foclóir A-Z

- Teachtaireacht/ Message
- Cuireadh / Invitation
- Ticéad traenach / Train ticket
- Ardán / Platform
- Sluaite / Crowds
- Coirpigh / Criminals
- Urchar a scaoileadh le / To shoot at
- Bagrach / Threatening
- Breitheamh / Judge
- Ciontach / Guilty

## 'ing'

- Ag siopadóireacht / Shopping
- Ag fanacht / Waiting
- Ag súil le / Looking forward to

## Gramadach


- Níl + ach = only – e.g. "Níl ach deartháir amháin agam"
- I dtreo na **g**cailíní = ainmfhocal sa tuiseal ginideach uimhir iolra (Plural)
- Éirigh + **le** = to succeed
- Buíochas a ghabháil **le** = to thank

## An Bhéaltriail

1. An bfhui fadhbh againn sa tír seo le coir? / Do we have a problem with crime in this country?
2. An maith leat dul ag siopadóireacht sa chathair? / Do you use your phone a lot?
3. An áit shábhailte í Éire? / Is Ireland a safe place?

# Ag Téacsáil sa Rang

## Pictiúr 1




• Sa phictíur seo, feicimid Iníon Ní Chéilleachar agus í ag múineadh matamaitice.

In this picture, we see Ms. Kelleher teaching Maths.

• Tá na daltaí i mbliain a trí ag éisteacht go géar léi ionas gur féidir leo cothromóidí a thusicint.

The 3rd year students are listening closely to her so they can understand equations.

• Taobh thiar di, feictear dronbhacart agus uillinntomhas ar an gclár bán.

Behind her, one can see a set square and a protractor on the white board.

## Pictiúr 2




- Ar chúl an ranga, fad is atá na daltaí eile sa rang ag staidéar, tá Liam ar a fhón póca.

  At the back of the class, while the others are studying, Liam is on his phone.

- Faigheann sé téacs óna chara Séamus ag rá go bhfuil sé ag eagrú cóisire an Aoine seo, toisc go bhfuil a thuistí imithe.

  He gets a text from his friend Seámus saying that he's organising a party this Friday seeing as his parents are away.

- Is léir nách bhfuil suim ar bith ag Liam sa staidéar.

  It's clear that Liam has no interest whatsoever in studying.

## Pictiúr 3



- I bpictiúr a 3, tá mí-adh ar Sheán nuair a bhraitheann an múinteoir air agus é ar a fhón póca.

  In picture 3, Seán is out of luck when the teacher catches him on his phone.

- Ní raibh sé ag éisteach léi nuair a chuir sí ceist air faoi na cothromóidí.

  He wasn't listening to her when she asked him a question about the equations.

- Tá ionadh ar na daltaí eile sa rang agus éileann Iníon Ní Chéilleachar air an fón a thabhairt di.

  The other students are shocked and Ms Kelleher demands him to give her the phone.

## Téacsáil sa Rang (cont'd)

### Pictiúr 4




- Is léir gur sheol Iníon Ní Chéilleachar Liam chuig oifig an phríomhoide, mar go bhfuil sé ina shuí ann sa phictiúr seo.

  It's clear Ms Kelleher sent Liam to the principal's office because he's sitting there in this picture.

- Tá fhios ag Liam gur amadán ceart é agus go bhfuil sé i dtrioblóid.

  Liam knows he's a right fool and that he's in trouble.

- Tá rialacha na scoile i lámh an phríomhoide. Léiríonn sí do Liam gurb é ceann de na rialacha ná meas a bheith ar chách agus gan a bheith ag cuir isteach ar an rang.

  The principal has the school rules in her hands. She explains to Liam that one of the rules is to respect everyone and not to disrupt the class.

### Pictiúr 5




- Cuireann an príomhoide glaoch ar Orlaith, máthair Liam, agus insíonn sí di cad a tharla.

  The principal calls Orlaith, Liam's mother, and tells her what happened.

- Ní féidir le máthair Liam é a chreidiúnt.

  Liam's mother can't believe it.

- Socraíonn said crinniú in oifig an phríomhoide don tráthnóna chun caint faoi iompar Liam.

  They organise a meeting in the principal's office for the afternoon to talk about Liam's behaviour.

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach tá Liam, a mháthair agus an príomhoide ina suí in oifig an phríomhoide.

  In the last picture, Liam his mother and the principal are all sitting in the principal's office.

- Deir máthair Liam go bhfuil sí ana mhíshásta leis, go bhfuil na scrúdaithe ar siúl go luath agus go gcaithfidh sé níos mó oibre a dhéanamh as seo amach.

  Liam's mother tells him she's very unhappy with him, that exams are on soon and that he has to do more work from now on.

- Tá súil léi go bhfoghlaimeoidh Liam ón eachtra.

  She hopes he will learn from the ordeal.

- Deir an príomhoide go gcaithfidh sé rialacha na scoile a leanúint chun a bheith mar dea-shampla do na daltaí eile. Cuireann sí é ar fionraí ar feadh dhá lá.

  The principal says he has to follow the school rools to be a good exemple for the other students. He is suspended for 2 days.

- Gabhann Liam a leithscéal leis an mbeirt acu. Is léir go bhfuil an-bhrón air.

  Liam apologies to the two of them. It's clear he's very sorry.

# Téacsáil sa Rang (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá á múineadh ag Iníon Ní Chéilleachar / What is Ms Kelleher teaching?
- Cá bhfuil an cóisir ar siúl? / Where is the party on?
- Cad é an píonós a fhaigheann Liam? / What punishment does Liam get?

## Foclóir A-Z

- Cothromóidí / Equations
- Uillinntomhas / Protractor
- Dronbhacart / Set Square
- Clár Bán / Whiteboard
- Amadán / Fool
- Éileann + ar / Demands
- Crinniú / Meeting
- Iompar / Behaviour
- Eachtra / Event/ordeal
- Dea-shampla / Good example

## 'ing'

- Ag múineadh matamaitice / Teaching maths
- Ag eagrú cóisire / Organising a party
- Ag staidéar / Studying

## Gramadach

- Ionas go/gur = so that
- Ar chúl an rang**a** = Tuiseal Ginideach le réamhfhocal comhshuite (An rang = ar chúl an ranga)
- I lámh an p**h**ríomhoide = Tuiseal Ginideach – seilbh (possession) - an príomhoide = lámh an phríomhoide
- Leithscéal a ghabháil **le** = to apologise to

## An Bhéaltriail

1. An bhfuil fóin póca ceadaithe anseo sa scoil? / Are phones allowed in this school?
2. An n-úsáideann tú d'fhón póca go minic? / Do you use your phone a lot?
3. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le fóin póca ar scoil? / What are the disadvantages associated with phones in school?

# Caillte sna sléibhte

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo feicimid baill de chlubdreapadóireachta ag caint agus ag comhrá ar thaobh sléibhe maidin cheomhar amháin.
  In this picture, we see members of a climbing club talking and conversing on the side of a mountain one foggy morning.
- Dar le ceannaire an ghrúpa, tá an ceo ag eirí níos troime agus níos dainséirí.
  According to the group leader, the fog is getting heavier and more dangerous.
- Socraíonn siad leanúint ar aghaidh áfach, in ainneoin an cheo seo.
  They decide to continue on however, despite the fog.

## Pictiúr 2




- Sa phicitiúr seo, is ar éigean atá Pól agus Seán in ann aon rud a fheiceáil, toisc go bhfuil an ceo chomh trom sin.
  In this picture, Paul and Seán can hardly see anything because the fog is so thick.
- Is deacair dóibh a slí a dhéanamh cé go bhfuil bata acu chun cabhrú leo.
  It's hard for them to make their way, even though they have a stick help them.
- Tá málaí droime acu chomh maith, lán le hacmhainní dreapadóireachta is dócha.
  They have backpacks too, full of climbing resources probably.

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, tá Seán agus Pól go mór chun deiridh ar na dreapadóirí eile.
  In picture 3, Seán and Paul are really behind the other climbers.
- Ní féidir leo coimeád suas leis an ngrúpa ar chor ar bith. They can't keep up with the group at all.
- Tá a fhios acu go mbeidh orthu brostú nó beidh siad i bponc!
  They know that they'll have to hurry or they'll be in trouble!


## Caillte sna Sléibhte (cont'd)

### Pictiúr 4




- Ní fada go bfhuil imní ar na dreapadóirí eile faoi na buachaillí atá anois ar iarraidh.
  It's not long before the other climbers are worried about the boys who are now missing.
- Glaonn siad in árd a gcinn is a ngutha ach níl tásc ná tuairisc ar na buachaillí.
  They call out at the top of their lungs but isn't a trace to be found of the boys.
- Ar ámharaí an tsaoil, tá fón póca ag Eoin, agus cuireann sé fios ar an bhfoireann tárrthála sléibhe.
  Fortunately, Eoin has a mobile phone and he informs the mountain rescue team.

### Pictiúr 5



- Faoi dheireadh, cloiseann na buachaillí héileacaptar ós a gcionn agus tá a fhios acu go bfhuil cabhair ag teacht.
  Finally, the boys hear a helicopter above them and they know that help is coming.
- Ardaíonn ball den fhoireann tárrthála sléibhe iad, duine sa turas, thuas go dtí an héileacaptar iad.
  One of the mountain rescue team members lifts them up to the helicopter one at a time.
- Buíochas le Dia, tá siad slán sábháilte.

  Thankfully, they're safe and sound.

### Pictiúr 6




- An tseachtain dár gcionn, sa chlub dreapadóireachta, cuirtear cóisir ar siúl chun tárrtháil na mbuachaillí a chéiliúradh.
  The week after, in the climbing club, a party is thrown to celebrate the boys' rescue.
- Tá gach duine fíor-bhuíoch gur tháinig siad slán as.

  Everyone is very grateful that they got out of the situation safely.
- Gan dabht tá ceacht foghlamtha ag na buachaillí agus ní dhéanfaidh siad a leithéid arís.
  Without a doubt, the boys have learned a lesson and they won't make the same mistake again.

# Caillte sna Sléibhte (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén sort aimsire atá i gceist i bpictiúr a haon? / What kind of weather is it in picture 1?
- Cad atá ar siúl ag Seán i bpictiúr a 4? / What is Séan doing in picture 4?
- Cén ceacht atá foghlamtha ag na buachaillí? / What lesson have the boys learned?

## Foclóir A-Z

- Baill / members
- Dreapadóireacht / climbing
- Ceo / fog
- In ainneoin / despite
- Bata / stick
- Acmhainní / resources
- Héileacaptar / helicopter
- Imní / worry
- Ar iarraidh / lost/wanted/missing
- Foireann tárrthála sléibhe/ mountain rescue team

## 'ing'

- Ag teacht / coming
- Ag éirí / getting/becoming
- Ag caint agus ag comhrá / chatting

## Gramadach

- Níos troime / Heavier (trom > níos troime > is troime)
- Ar thaobh sléibh**e** / Tuiseal Ginideach; an sléibh -> ar thaobh sléibh**e**
- Ós a **g**cionn / above them

## An Bhéaltriail

1. An raibh tú riamh caillte in áit éigin? / Were you ever lost somewhere?
2. Cad a tharla? / What happened?
3. An dtaitníonn dreapadóireacht leat? / Do you like climbing?

studyclix.ie makes exams easier

# Samhradh Iontach

## Pictiúr 1




- Aoine amháin atá ann agus tá an scoil críochnaithe don samhradh. Lá breá grianmhar atá ann.
  It's Friday and school is finished for the summer. It's a lovely sunny say.
- Tá Meadhbh agus Clíodhna ag caint os comhair an tséipéil.
  Meadhbh and Clíodhna are talking in front of the church.
- Tá súil ag Meadhbh go mbeidh samhradh den scoth acu.
  Meadhbh is hoping that they will have a great summer.
- Aontaíonn Clíodhna leí agus deir sí go bhfuil a lán le plé acu faoina bpleananna don samhradh.
  Clíodhna agrees and says that they have a lot to discuss about their plans for the summer.

## Pictiúr 2




- I bpictiúr a dó, feictear na cailíní in oifig bhainisteoir an óstáin san óstán áitiúil.
  In picture 2, the girls can be seen in the manager's office in the local hotel.
- Tá siad i mbun agallaimh leis an mbainisteoir faoi phost a fháil san ostán ar feadh míosa chun píosa airgid a thuilleadh don chuid eile den samradh.
  They're in the middle of an interview with the manager about a month-long job in order to earn some money for the rest of the summer.
- Is léir go bhfuair siad an post, mar feictear na cailíní ansin ag glanadh ceann de na seomraí.
  It's clear they got the job, because the girls are then seen cleaning one of the rooms.
- Deir Meadhbh go bhfuil an t-ádh leo go bhfuil an post acu, fad is atá sí ag folúsghlanadh.
  Meadhbh says that they're lucky to have the job, while she hoovers.


## Pictiúr 3




- Nuair atá dóthain airgid ag na cailíní, cuireann siad saoire go dtí an Róimh in áirithe.
  When the girls have enough money, they book a holiday to Rome.
- Feicimid iad ós comhair an Cholasaeim. Tá an aimsir gan sárú.
  We see them in front of the Colosseum. The weather is beautiful.
- Is follas go bhfuil píosa siopadóireachta déanta ag na cailíní mar go bhfuil cúpla malaí siopadóireachta ina lámha acu.
  It's clear that the girls have done a bit of shopping, because they have a few shopping bags in their hand.
- Ceapann Clíodhna gur cathair ghleoite í.
  Clíodhna thinks it's a gorgeous city.

Samhradh Iontach (cont'd)

## Pictiúr 4




- I ndiaidh na Róimhe, filleann na cailíní ar ais abhaile.
  After Rome, the girls return home.
- Tá an bheirt acu ar an bhfoireann peile áitiúil. Bíonn siad ag cleachtadh dhá uair in aghaidh na seachtaine agus faoi dheireadh, tá an cluiche ceannais acu.
  The two of them are on the local football team. They practice twice a week and finally, they have the final.
- Faigheann na cailíní an bua agus tá gliondar an domhain orthu.
  The girls win and they are delighted.
- Chun céiliúradh a dhéanamh ar an mbua, téann siad go dtí an phictiúrlann chun scannán a fheiscint agus grán rósta a ithe.
  To celebrate the win, they go to the cinema to watch a film and to eat popcorn.

## Pictiúr 5




- I bpicitúr a cúig, feicimid na cailíní ag obair ar son na carthanachta Naomh Uinseann de Pól. Obair dheonach atá ann, ag cabhrú le daoine bochta agus daoine gan dídean.
  In picture 5, we see the girls working on behalf of the charity St Vincent de Paul. It's voluntary work, helping poor and homeless people.
- Tugann Meadhbh éadaí agus bia do sheanbhean bhocht amháin atá ina suí ar leac dorais.
  Meadhbh gives clothes and food to one old woman who's sitting on a doorstep.
- Tá sí an-bhuíoch as ucht na cabhrach.
  She is very grateful for the help.

## Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, tá deireadh an tsamhraidh tagtha.
  In the last picture, the end of the summer has come.
- Deir Meadhbh gurb é an samhradh ab fhearr a bhí acu riamh.
  Meadhbh says that it was the best summer that they ever had.
- Aontaíonn Clíodhna léí agus deir sí go bhfuil sí ag súil go mór leis an mbliain seo chugainn.
  Clíodhna agrees and she says she is looking forward to next year.
- Samhradh don scoth a bhí ann, lán le heachtraí agus rudaí nua.
  It's was a brilliant summer, full of new experiences and things.

# Samhradh Iontach (cont'd)

## Ceisteanna

- Cá bhfuil na cailíní i bpictiúr a haon? / Where are the girls in the first picture?
- Cad atá á ithe ag na cailíní i bpictiúr a 4? / What are the girls eating in picture 4?
- Cad a cheapann Meadhbh faoin samhradh atá thart? / What does Meadhbh think about the summer just gone?

## Foclóir A-Z

- Pleananna / plans
- Bainisteoir / manager
- Agallamh / interview
- Post / job
- Cur in áirithe / to reserve
- Gliondar / delight
- Pictiúrlann / cinema
- Grán rósta / popcorn
- Seanbhean / old woman
- Carthanacht / charity

## 'ing'

- Ag folúsghlanadh / Hoovering
- Ag súil le… / Looking forward to
- Ag cleachtadh / Practising

## Gramadach

- Ós comhair an tséipéil / Tuiseal Ginideach… "ós comhair" = complex preposition… Séipéal = an tséipéil
- Ab f**h**earr / Ab = always used in the past tense and always puts a séimhiú (h) on the following word.
- An-b**h**uíoch / "an-" (very) always puts a séimhiú (h) on the following word.
- A bpleananna. / "their plans"… "a" + urú when it's "their".

## An Bhéaltriail

58. Cad a dhéanfaidh tú don samhradh? / What will you do for the summer?
59. An rachaidh tú ar saoire i ndiaidh na hÁrdteiste? / Will you go on holidays after the Leaving Cert?
60. An ndearna tú obair dheonach riamh? / Have you ever done volunteer work?